An Rialálaí Carthanas

Charities Regulator

Tuarascáil Bhliantúil 2014-2015

Ár bhFís

Earnáil carthanas atá beoga, a bhfuil iontaoibh aisti agus a bhfuil meas uirthi mar gheall ar an leas pobail a chuireann sí ar fáil.

Ár Misean

An earnáil carthanas a rialáil chun leas an phobail d'fhonn comhlíonadh an dlí a chinntiú agus d'fhonn tacú leis an dea-chleachtas i rialachas, i mbainistíocht agus i riarachán carthanas.

Ár Luachanna

Neamhspleáchas

Déanaimid cinntí go neamhspleách agus chun leas an phobail. Seasaimid lenár ngníomhartha agus lenár gcinntí agus glacaimid freagracht astu.

Cothroime

Oibrímid go cothrom agus go neamhchlaon. Cuirimid ár nósanna imeachta i bhfeidhm go comhsheasmhach agus tugaimid údar lenár ngníomhartha agus lenár gcinntí.

Oscailteacht

Glacaimid cur chuige oscailte agus trédhearcach i leith ár gcuid oibre. Cuirimid faisnéis ar fáil faoin dóigh a n-oibrímid agus faoin earnáil a ndéanaimid rialáil uirthi.

Comhréireacht

Aithnímid an éagsúlacht ó thaobh méide agus acmhainne de atá ann i measc na n-eagraíochtaí a ndéanaimid rialáil orthu. Déanaimid rialáil ar bhealach comhréireach agus dírímid na hacmhainní atá ar fáil dúinn ar na réimsí lena mbaineann an riosca is mó.

Foghlaim

Bíonn ár ngníomhartha agus ár gcinntí bunaithe ar fhianaise agus bíonn siad leabaithe i gcultúr foghlama. Bímid ag lorg bealaí i gcónaí chun feabhas a chur ar an dóigh a ndéanaimid ár gcuid oibre agus féachaimid le bheith údarásach inár réimse.

Caidreamh

Déanaimid cumarsáid lenár leas-sealbhóirí agus éistimid leo. Féachaimid le saincheisteanna rialála a chuireann imní orthu a réamh-mheas agus le dul i ngleic leis na saincheisteanna sin.

Ráiteas an Chathaoirligh 4

Réamhrá agus Cúlra 6

Achoimre Fheidhmeach: Príomhstaitisticí 8

Comhaltaí agus Cruinnithe 9

Soláthar Foirne 10

Socruithe Rialachais 11

Clárú 15

Ábhair Imní 17

Aistriú Obair Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla 18

Ráitis Airgeadais 20

Ráiteas an Chathaoirligh

Mar Chathaoirleach ar an Rialálaí Carthanas, tá áthas orm an chéad Tuarascáil Bhliantúil uaidh a sheoladh. Is tuarascáil í lena gclúdaítear an tréimhse ó mhí Dheireadh Fómhair 2014 go mí na Nollag 2015.

Bunaíodh an Rialálaí Carthanas an 16 Deireadh Fómhair 2014 ar aon dul leis an Acht Carthanas 2009. De bhreis ar charthanais a rialáil, aistríodh chuig an Rialálaí ar dháta ár mbunaithe an fhreagracht as an obair a dhéanadh Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla. Tá sé mar aidhm againn a bheith inár Rialálaí nua-aimseartha, láidir agus gasta.

Cuid dhílis dár gcuid oibre is ea go bhfuil leibhéal ard iontaoibhe agus muiníne ag an bpobal as an earnáil. Na baill den phobal a thiomsaíonn airgead do charthanais nó a thugann airgead dóibh, is gá a dhearbhú dóibh gur chun na críche beartaithe a chaitear an t-airgead a thugtar. Le blianta beaga anuas, ar an drochuair, tá laghdú tagtha ar iontaoibh an phobail as an earnáil. Mar sin féin, is é atá i mbunú ár n-eagraíochta ná fianaise ar thiomantas an Stáit dá dheimhniú go mbeidh na caighdeáin is airde rialachais agus chuntasachta ann sa todhchaí.

Imríonn carthanais na hÉireann ról ríthábhachtach inár sochaí trí leas pobail a chur ar fáil. Is cuma cé acu is seirbhís béilí do dhaoine scothaosta, tacaíocht do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu nó obair i réimse na forbartha idirnáisiúnta atá i gceist, tugann earnáil carthanas na hÉireann cúnamh do phobail in Éirinn agus ar fud an domhain ar an iomad bealach éagsúil.

Tríd an dlí a chur chun feidhme ar bhealach cothrom trédhearcach, is féidir linn a chinntiú go bhféadfaidh daoine maithe leanúint den dea-obair atá á déanamh acu agus go mbeidh leibhéal ard muiníne ag an bpobal as an earnáil.

Ó lá ár mbunaithe i leith, táimid ag cur rialáil éifeachtach láidir ar fáil atá trédhearcach, cuntasach agus comhréireach. Táimid ag díriú ár n-acmhainní agus ár gcuid oibre ar na réimsí lena mbaineann an riosca is mó. Anuas air sin, tá an-dul chun cinn déanta againn ar chlár eagraíochtaí carthanúla a chur le chéile atá cruinn agus cothrom le dáta. Ar dháta ár mbunaithe, mheasamar tuairim is 8000 carthanas a raibh uimhir charthanais acu leis na Coimisinéirí Ioncaim a bheith cláraithe. Ina theannta sin, chuamar i mbun teagmháil le heagraíochtaí carthanúla eile, lenar áiríodh 3600 scoil a chlárófar i bpróiseas bulc-chláraithe.

Rud ba dhéanaí fós, sheolamar an chéad Ráiteas Straitéise uainn don tréimhse 2016-2018. Leagtar amach sa straitéis ár misean agus ár gcuspóirí straitéiseacha do na trí bliana romhainn. Tar éis próiseas iomaíoch agallaimh, ceapadh an tUas. John Farrelly mar Phríomhfheidhmeannach i mí na Bealtaine 2016. Ghlac sé ionad Una Ní Dhubhghaill. Chuir mise tús le mo théarma féin mar Chathaoirleach i mí an Mheithimh 2015 tar éis don Uas. Conor Woods éirí as.

I mí Mheán Fómhair 2016, tháinig Cuid IV den Acht Carthanas 2009 i bhfeidhm. Leis sin, tugadh cumhachtaí chun imscrúdú agus ionchúiseamh.

Chomh maith leis sin, bhunaigh an Rialálaí Painéil Chomhairleacha ar Thiomsú Airgid Carthanúil mar aon le Rialacháin Chuntasaíochta agus Tuairiscithe d'eagraíochtaí carthanúla le linn na tréimhse tionscnaimh a chlúdaítear sa tuarascáil seo. Tá obair á déanamh ar an dá thionscadal fós.

Is é an rún atá againn go mbeidh gach carthanas ag comhlíonadh an dlí, agus an t-ualach rialála is ísle á leagan orthu ag an am céanna. Ba mhaith linn go mbainfeadh carthanais comhlíonadh amach a luaithe ab fhéidir ionas go ndíreofaí a mhéid ab fhéidir ar úsáideoirí seirbhíse agus ar thairbhithe.

Agus an ról sin á chomhlíonadh againn, táimid ag obair chun tacú le hiontaobhaithe carthanas a n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh agus tá bearta déanta againn chun dul i ngleic le neamh-chomhlíonadh nuair is gá.

Patrick Hopkins

Cathaoirleach

Réamhrá agus Cúlra

Ar aon dul leis an Acht Carthanas 2009, bunaíodh an Rialálaí Carthanas an 16 Deireadh Fómhair 2014. Is é rialálaí reachtúil náisiúnta na hÉireann le haghaidh eagraíochtaí carthanúla é agus is gníomhaireacht neamhspleách de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais é.

Ceapadh Una Ní Dhubhghaill mar Phríomhfheidhmeannach ar an Rialálaí Carthanas, an chéad Phríomhfheidhmeannach air riamh, agus thosaigh sí a post go hoifigiúil an 16 Deireadh Fómhair 2016. Bhí an chéad Bhord de chuid an Rialálaí comhdhéanta de 16 chomhalta agus de Chathaoirleach neamhspleách. Ba é an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a cheap gach duine díobh. Ba é Conor Woods an chéad Chathaoirleach ar an mBord. Tháinig Patrick Hopkins i gcomharbacht air mar Chathaoirleach i mí na Bealtaine 2015.

Tá na feidhmeanna ginearálta seo a leanas ag an Rialálaí Carthanas faoin Acht Carthanas 2009:

(a) Iontaoibh agus muinín an phobail as bainistiú agus riaradh iontaobhas carthanúil agus eagraíochtaí carthanúla a mhéadú,

(b) Comhlíonadh a ndualgas ag iontaobhaithe carthanas a chur chun cinn i rialú agus bainistiú iontaobhas carthanúil agus eagraíochtaí carthanúla,

(c) Úsáid éifeachtach maoine iontaobhas carthanúil nó eagraíochtaí carthanúla a chur chun cinn,

(d) Cuntasacht eagraíochtaí carthanúla do dheontóirí agus do thairbhithe bronntanas carthanúil, agus don phobal, a chinntiú,

(e) Tuiscint a chur chun cinn ar an gceanglas gur chun leas an phobail a bheidh aidhmeanna carthanúla,

(f) Clár d'eagraíochtaí carthanúla a bhunú agus a chothabháil,

(g) Comhlíonadh an Achta seo ag eagraíochtaí carthanúla a chinntiú, agus faireachán a dhéanamh ar an gcéanna,

(h) Imscrúduithe a dhéanamh de réir an Achta seo,

(i) Feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú trí fhaisnéis nó comhairle a sholáthar, lena n-áirítear go háirithe ar mhodh treoirlínte, cód cleachtais agus doiciméad bunreachtúil eiseamláireach a eisiúint (nó, de réir mar is cuí leis, a cheadú),

(j) Cibé gníomhaíochtaí a sheoladh nó cibé faisnéis (lena náirítear faisnéis staidrimh) a fhoilsiú a bhaineann le heagraíochtaí carthanúla agus iontaobhais charthanúla agus is cuí leis,

(k) Faisnéis (lena n-áirítear faisnéis staidrimh) nó comhairle a sholáthar don Aire, nó tograí a chur faoina bhráid nó faoina bráid, maidir le hábhair a bhaineann le feidhmeanna an Rialálaí.

Ar dháta a bhunaithe, rinne an Rialálaí uathchlárú ar thuairim is 8000 carthanas a raibh uimhir charthanais acu leis na Coimisinéirí Ioncaim. Bhí ar na carthanais sin a gcuid sonraí a dheimhniú agus tuarascáil ghníomhaíochta a bhí cothrom le dáta a chur ar fáil don Rialálaí. Cuireadh de cheangal ar gach carthanas eile clárú agus tuarascálacha gníomhaíochta a chur faoi bhráid an Rialálaí faoin 16 Aibreán 2016.

De bhreis ar na feidhmeanna rialála nua, ba mar gheall ar bhunú an Rialálaí a díscaoileadh Oifig Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn agus a aistríodh a freagrachtaí chuig oifig an Rialálaí. Áiríodh leis na freagrachtaí sin seirbhísí carthanais a sholáthar agus an Comhchiste Infheistíochta a bhainistiú thar ceann carthanais ar leith. Tháinig John Farrelly i gcomharbacht ar Una Ní Dhubhghaill mar Phríomhfheidhmeannach ar an Rialálaí Carthanas agus thosaigh sé an post sin an 16 Bealtaine 2016.

Chuir an Rialálaí tús sa bhliain 2015 le hobair ar an gcéad Ráiteas Straitéise uaidh. Sheol an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais é i mí Iúil 2016.

Achoimre Fheidhmeach: Príomhstaitisticí

1. *Tháinig Bord an Rialálaí le chéile 8 n-uaire idir an dáta bunaithe agus an 31 Nollaig 2015.*

2. *Mheas an Rialálaí 8000 carthanas a bheith cláraithe de bhua na huimhreach carthanais a bhí acu leis na Coimisinéirí Ioncaim ar dháta bunaithe an Rialálaí.*

3. *Idir mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2015, rinne an Rialálaí óstáil ar 15 chruinniú ar fud na tíre chun cabhrú leis an bpróiseas cláraithe. D'fhreastail 1200 duine ar na cruinnithe sin.*

4. *Le linn an tréimhse tuairiscithe seo, cuireadh 235 ábhar imní in iúl don Rialálaí. Bhain siad le 79 n-eintiteas éagsúla.*

5. *Amhail an 31 Nollaig 2015, b'ionann agus €3,775,232 na suimeanna a bhí á gcoinneáil i dtaisce thar ceann carthanas. (Tugtar mionsonraí faoi sin ar leathanach 18)*

6. *Luacháladh ar €36,208,451 an 31 Nollaig 2015 Comhchiste Infheistíochta a bhainistigh Davy Asset Management Ltd, a bhfuil an Rialálaí freagrach as. (Tugtar mionsonraí faoi sin ar leathanach 18)*

7. *De réir na hoibleagáide ar an Rialálaí Seirbhísí Carthanais a sholáthar, phléigh an Rialálaí le 352 ábhar a cuireadh in iúl sna 9 gcruinniú de chuid an Choiste Seirbhísí Carthanais idir an 16 Deireadh Fómhair 2014 agus an 31 Nollaig 2015.*

Comhaltaí agus Cruinnithe

Cruinnithe Boird: Deireadh Fómhair 2014 – Nollaig 2015*

Comhalta	Cruinnithe ar Freasta-laíodh Orthu	16/10 /2014	27/11 /2014	*** 3/02/ 2015	26/03 /2015	28/05 /2015	30/07 /2015	24/09 /2015	03/12 /2015
Conor Woods (Cathaoirleach Deireadh Fómhair 2014 – Bealtaine 2015)**	5/5	✓	✓	✓	✓	✓	-	-	-
Patrick Hopkins (Cathaoirleach Bealtaine 2015 – an lá inniu)	7/8	✓	✓	N	✓	✓	✓	✓	✓
David Brady	8/8	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Katie Cadden	5/8	✓	✓	N	✓	✓	N	✓	N
Sandra Chambers	8/8	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Cynthia Clampett	6/8	✓	✓	✓	✓	N	✓	N	✓
Anna Classon	4/8	N	✓	N	✓	N	✓	✓	N
Tom Costello	7/8	✓	✓	N	✓	✓	✓	✓	✓
Patricia Cronin	8/8	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Fergus Finlay	6/8	✓	✓	✓	N	✓	✓	N	✓
Ann Fitzgerald	8/8	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Hugh Maddock	5/8	N	✓	✓	✓	✓	N	✓	N
Barbara O'Connell	3/8	✓	N	N	N	N	✓	✓	N
Graham Richards	8/8	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Senan Turnbull	7/8	✓	✓	N	✓	✓	✓	✓	✓

* Nóta: cuireadh dhá chruinniú ullmhúcháin de chuid an Bhoird ar siúl roimh bhunú an Rialálaí.

**D'éirigh Conor Woods as an mBord i mí na Bealtaine 2015.

***Athraíodh dáta agus am an chruinnithe seo ón dáta a socraíodh ar dtús.

Soláthar Foirne

Ar an dáta bunaithe, bhí 11 bhall foirne ag an Rialálaí Carthanas. Áiríodh leis an bhfigiúr sin baill foirne a aistríodh ó Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla.

Faoi dheireadh na bliana 2015, mhéadaigh an figiúr sin go 17 mball foirne (coibhéis lánaimseartha 15.7) ó líon foirne ceadaithe de 20 ball foirne. Bhí scileanna breise dlí agus cuntasaíochta á soláthar ar bhonn conarthach. Cuireadh cás gnó faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais sa bhliain 2015 le haghaidh méadú 80% ar bhuiséad soláthar foirne an Rialálaí Carthanas don bhliain 2016.

Socruithe Rialachais

Rialachas Corparáideach

Tá an Rialálaí Carthanas faoi réir oibleagáidí rialachais chorparáidigh, lena n-áirítear an Cód Cleachtais Athbhreithnithe do Rialachas Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais sa bhliain 2009. Síníodh Comhaontú Feidhmíochta leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais sa bhliain 2015. Cuirtear de chúram ar an Rialálaí leis an gcomhaontú sin Ráiteas Comhlíonta a chomhlánú gach bliain, á rá gur ag feidhmiú go héifeachtach atá na córais rialaithe inmheánaigh, bainistíocht riosca agus réimsí eile comhlíonta.

Chomh maith leis sin, rinne an Rialálaí a Chreat Rialachais Chorparáidigh féin a fhoilsiú sa bhliain 2016 ar aon dul leis an gCaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís.

Coistí

Bhunaigh an Bord ceithre choiste mar seo a leanas:

An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca

Bunaíodh an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca chun cabhrú leis an mBord na freagrachtaí maoirseachta atá aige a chomhlíonadh maidir leis na nithe seo:

- An próiseas tuairiscithe airgeadais
- An próiseas bainistíochta riosca
- An córas rialaithe inmheánaigh
- An coiste iniúchóireachta
- Próiseas an Rialálaí maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh dlíthe agus rialachán.

Tá sé freagrach as a chur in iúl don Bhord cé acu atá nó nach bhfuil córas cuí rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm. Tá ceathrar comhaltaí ann ar an gcoiste, a bhfuil gach duine díobh ina gcomhaltaí de Bhord an Rialálaí.

An Coiste Rialachais

Bunaíodh an Coiste Rialachais chun comhairle a chur ar an Rialálaí Carthanas maidir lena bheartas rialachais agus leis na prionsabail dea-rialachais is infheidhme. Áirítear lena chuid dualgas athbhreithniú (bliantúil) a dhéanamh ar bheartas rialachais an Rialálaí Carthanas agus cur chun feidhme an bheartais a mhaoirsiú, mar aon le faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí ábhartha rialachais agus rialála. Tá ceathrar comhaltaí ann ar an gcoiste, a bhfuil triúr díobh ina gcomhaltaí de Bhord an Rialálaí.

An Coiste Seirbhísí Carthanais

Bunaíodh an Coiste Seirbhísí Carthanais chun na feidhmeanna a dílsíodh do Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla roimhe sin a chomhlíonadh. Áirítear leo sin diúscairt maoine carthanais a údarú, iontaobhaithe nua a cheapadh agus maoin carthanais a dhílsiú d'iontaobhaithe, Scéimeanna Corpraithe agus Scéimeanna Cy-Près a dhréachtú, agus deontais agus scoláireachtaí a cheadú. Tá cúigear comhaltaí ann ar an gcoiste, a bhfuil ceathrar díobh ina gcomhaltaí de Bhord an Rialálaí.

An Coiste Feidhmíochta agus Pleanála Acmhainní

Bunaíodh an Coiste Feidhmíochta agus Pleanála Acmhainní chun earcú an Phríomhfheidhmeannaigh a bhainistiú, chun an próiseas bainistíochta feidhmíochta a mhaoirsiú don lucht ardbhainistíochta agus chun téarmaí agus coinníollacha bhaill foirne an Rialálaí Carthanas a bhreithniú, lena n-áirítear na téarmaí faoina ndéantar baill foirne a shannadh don Rialálaí Carthanas/a thabhairt ar iasacht dó/a leithdháileadh air/a aistriú chuige. Tá ceathrar comhaltaí ann ar an gcoiste, a bhfuil gach duine díobh ina gcomhaltaí de Bhord an Rialálaí.

An Painéal Comhairleach ar Thiomsú Airgid Carthanúil

De bhreis ar a bhfuil thuas, rinne an Bord bunú ar Phainéal Comhairleach ar Thiomsú Airgid Carthanúil faoi alt 36 den Acht Carthanas 2009 tar éis iarraidh a fháil ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an 3 Nollaig 2015. D'ainmnigh an Bord Ann Fitzgerald, comhalta de Bhord an Rialálaí, mar Chathaoirleach ainmnithe ar an bPainéal.

Amhail deireadh mhí na Nollag 2015, ba é seo a leanas comhdhéanamh na gcoistí:

An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca (4 Chruinniú)
David Brady (Cathaoirleach)
Sandra Chambers
Ann Fitzgerald
Noel Wardick

An Coiste Rialachais (4 Chruinniú)
Senan Turnbull (Cathaoirleach)
Katie Cadden
Barbara O'Connell
Ronan Nolan

An Coiste Seirbhísí Carthanais (9 gCruinniú)
Graham Richards (Cathaoirleach)
Katie Cadden
Sandra Chambers
Patricia Cronin
An Breitheamh John O'Connor

An Coiste Feidhmíochta agus Pleanála Acmhainní (4 Chruinniú)
Paddy Hopkins (Cathaoirleach)
Tom Costello
Patricia Cronin
Fergus Finlay

Nochtadh Leasa

De réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, tá Cód Iompair Ghnó ag an Rialálaí Carthanas ina dtugtar treoir maidir le nochtadh leasa ag Comhaltaí Boird. Comhlíonadh na nósanna imeachta sin.

Is stiúrthóirí ainmnithe iad comhaltaí boird chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2003, agus tá oibleagáidí orthu i dtaca le leasanna ábhartha a nochtadh agus le ráiteas bliantúil leasanna a chur isteach faoi théarmaí na nAchtanna.

Iniúchóireacht inmheánach

Is é an t-aonad Iniúchóireachta Inmheánaí sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a chomhlíonann an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí.

Clárú

Ón dáta bunaithe an 16 Deireadh Fómhair 2014 i leith, tá an Rialálaí ag díriú ar chlárú mar phríomhthosaíocht.

Carthanais a bhfuil Uimhir Charthanais acu a Chlárú:

An chéad ghníomh ar thug an Rialálaí faoi ba ea dul i dteagmháil ar dháta ár mbunaithe le tuairim is 8000 carthanas a raibh uimhir charthanais acu leis na Coimisinéirí Ioncaim, de réir alt 40 den Acht Carthanas 2009.

I mí Eanáir 2015, d'eisíomar litreacha chuig na 8000 carthanas sin inar tugadh eolas dóibh faoi na hoibleagáidí nua a bhí orthu de réir an Achta Carthanas 2009. Seoladh litreacha meabhrúcháin i mí Dheireadh Fómhair 2015.

TF a Fhorbairt le haghaidh Clárú:

Ar an gcéad dul síos i mí Dheireadh Fómhair 2014, forbraíodh córas cuí TF chun soláthar a dhéanamh do chlárú ar líne agus do thuairisciú ar líne ag carthanais. Forbraíodh an córas sin tuilleadh i mí Mheán Fómhair/mí Dheireadh Fómhair 2015 chun foirm shimplithe a chur ar fáil le haghaidh Carthanais Chláraithe a bhfuil uimhir charthanais acu agus le haghaidh tuairisciú bliantúil.

Clárú agus Tuairisciú Breise:

Chomhlánaigh 1307 gcarthanas a bhfaisnéis ar an gClár Eagraíochtaí Carthanúla poiblí agus cuireadh 733 thuarascáil bhliantúla isteach faoin 31 Nollaig 2015.

An Feachtas Faisnéise Cláraithe:

Cuid thábhachtach den phróiseas cláraithe nuabhunaithe ba ea feachtas comhordaithe faisnéise lena rabhthas ag dul i dteagmháil le gach duine san earnáil carthanas chun a chinntiú go mbeidís eolach ar na hoibleagáidí a bhí orthu faoin Acht Carthanas 2009.

Mar a léirítear i dTábla 1 thíos, cuireadh 15 chruinniú faisnéise poiblí san iomlán ar siúl ar fud na tíre idir mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2015. D'fhreastail beagnach 1200 duine ó ghrúpaí carthanúla éagsúla ar na cruinnithe sin.

Eagraíodh na cruinnithe i gcomhpháirt le hObair Dheonach Ireland agus The Wheel mar chuid den mhórphróiseas rannpháirtíochta, agus é mar aidhm leo a chinntiú go ndéanfaí cumarsáid le grúpaí beaga atá faoi stiúir oibrithe deonacha.

Tábla 1: Sceideal na gCruinnithe Faisnéise, Meán Fómhair – Nollaig 2015

Dáta	Suíomh	An lucht freastail (go neasach)
24-MF-15	Port Láirge	55
08-DF-15	Port Láirge	40
20-DF-15	Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo	70
21-DF-15	Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	60
22-DF-15	Sligeach	75
03-Samh-15	Luimneach	120
04-Samh-15	Trá Lí, Co. Chiarraí	60
05-Samh-15	Corcaigh	120
17-Samh-15	Dún Droma, Co. Bhaile Átha Cliath	75
18-Samh-15	Tamhlacht, Co. Bhaile Átha Cliath	110
19-Samh-15	Dún Dealgan, Co. Lú	75
20-Samh-16	Tulach Mhór, Uíbh Fhailí	150
01-Noll-15	Baile Átha Cliath	40
02-Noll-15	Gaillimh	100
03-Noll-15	Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí	45

Ábhair Imní

Sular tosaíodh Cuid 4 den Acht Carthanas 2009, chuir an Rialálaí próiseas i bhfeidhm chun é a chumasú aghaidh a thabhairt ar ábhair imní a tharraingítear anuas faoi charthanais.

Idir an 16 Deireadh Fómhair 2014 agus an 31 Nollaig 2015, cuireadh ábhair imní a bhain le 79 n-eintiteas dhifriúla in iúl don Rialálaí. I gcásanna áirithe, tharraing duine aonair amháin cuid mhór ábhar imní anuas faoi eintiteas. I gcásanna eile, tharraing roinnt daoine aonair an t-aon ábhar imní amháin anuas.

An nós imeachta inmheánach maidir le próiseáil tosaigh a dhéanamh ar na hábhair imní sin, cuireadh chun feidhme é chun freagairt aonfhoirmeach a chinntiú d'fhiosruithe agus chun a chinntiú go mbeadh sách faisnéise ar fáil chun breithniú ceart a dhéanamh ar an ábhar imní a tarraingíodh anuas.

Faoi dheireadh mhí na Nollag 2015, rinne an Rialálaí teagmháil le breis agus 25 eagraíocht de bhun ábhair imní a tarraingíodh anuas.

Ba faoi na catagóirí seo a leanas a tháinig na hábhair imní sin. Tabhair faoi deara gurbh amhlaidh, i gcás roinnt ábhar imní, gur tarraingíodh aird ar shaincheisteanna a thagann faoi chatagóirí difriúla.

Tábla 2: Ábhair Imní a Tarraingíodh Anuas de réir Catagóire

Catagóir	An Líon Carthanas
Rialú Airgeadais agus Trédhearcacht	35
Tairbhe Phríobháideach	8
Dea-Rialachas	30
Bearnú ar Thairbhithe	4
Dul i mBun Feachtais chun Críche Polaitiúla	6
Dlisteanacht an Charthanais	11
Saincheisteanna nach dtagann faoi shainchúram an Rialálaí	11

Aistriú Obair Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla

De réir Chuid 6 den Acht Carthanas 2009, ghlac an Rialálaí, ar dháta a bhunaithe, na róil agus na feidhmeanna a chuir Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla i gcrích roimhe sin.

Cistí Carthanas

Áiríodh leis an obair ina leith seo dul i gceannas ar chistí a bhí á sealbhú ar taisce ag Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla thar ceann roinnt carthanas roimhe sin. Sa chás gur tháinig easaontas chun cinn roimhe sin, ghlac na Coimisinéirí le suimeanna agus ghníomhaigh siad mar idirghabhálaí neamhspleách go dtí go réiteofaí an díospóid nó go ndéanfaí cinneadh ar an dóigh ar cheart cistí a leithdháileadh. I gcás suimeanna eile a bhí á sealbhú ag na Coimisinéirí, bhí siad ina bhfáltais ó dhíolacháin aonad sa Chomhchiste Infheistíochta a bhí le tabhairt ar ais d'infheisteoirí.

Amhail an 31 Nollaig 2015, b'ionann agus € 3,775,232 na suimeanna iomlána a bhí á sealbhú ar taisce thar ceann carthanas.

An Comhchiste Infheistíochta

Tá freagracht ar an Rialálaí Carthanas as maoirseacht a dhéanamh ar Chomhchiste Infheistíochta atá á bhainistiú ag Davy Asset Management Ltd. Bhí luach € 36,208,455 ar an gComhchiste ag an 31 Nollaig 2015.

Is ann do thart ar 410 carthanas a bhfuil infheistíocht déanta acu ar leibhéil éagsúla sa Chomhchiste. Íoctar díbhinní le hinfheisteoirí dhá uair sa bhliain. I gcás infheisteoirí áirithe, déantar a ndíbhinní a athinfheistiú go huathoibríoch agus íoctar amach iad ar bhonn bliantúil le haghaidh tionscadail shonracha, scoláireachtaí, etc. Úsáideann formhór na n-athinfheisteoirí a ndíbhinní chun tuilleadh aonad a cheannach. Ó am go chéile, déanann sealbhóirí aonaid iarratas ar aonaid a dhíol chun freastal ar an gcostas a bhaineann le tionscadail shonracha, mar shampla, áitreabh carthanais a athchóiriú.

Seirbhísí Carthanais

Dualgas eile a bhí ar Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla roimhe sin ba ea seirbhísí carthanais a riar. Ó dháta a bhunaithe, tá an Rialálaí ag cinntiú go dtagann ár gCoiste Seirbhísí Carthanais le chéile gach 5 – 6 seachtaine agus go n-oibríonn sé chun freastal ar riachtanais na hearnála agus ar ár n-oibleagáidí faoin Acht Carthanas, 1961, arna leasú, agus faoi Alt 82 den Acht Carthanas 2009.

Is iad seo a leanas na croísheirbhísí a chuireann an Rialálaí ar fáil:

1. Iontaobhaithe carthanas nua a cheapadh
2. Diúscairt tailte atá á sealbhú thar ceann iontaobhais charthanúla a údarú

    i. Maoin carthanais a dhíol ar luach iomlán

    ii. Maoin carthanais a dhíol ar phraghas faoi bhun luach iomlán

    iii. Maoin carthanais a léasú

    iv. Léas maoine carthanais a ghéilleadh

    v. Maoin carthanais a mhorgáistiú

    vi. Maoin carthanais a mhalartú

3. Scéimeanna Cy-Près a cheapadh lena gcuirtear maoin carthanais i bhfeidhm (is é sin, Scéim a bheidh chomh gar agus is féidir do rún an deontóra bhunaidh)
4. Comhairle a chur ar iontaobhaithe nuair a bhíonn deacracht acu iontaobhas carthanúil a riar
5. Teacht ar chomhréiteach i leith éilimh ó charthanais nó ina aghaidh
6. Scéimeanna Corpraithe a cheapadh
7. Orduithe Dílseacháin a dhéanamh lena scaoiltear maoin carthanais ó fheidhmiú cúnant dochraideach i léasanna in imthosca áirithe
8. Maoin a dhíol faoin Acht um Shásamh i leith Foras Cónaithe

Idir an 16 Deireadh Fómhair 2014, dáta bunaithe an Rialálaí, agus an 31 Nollaig 2015, dhéileáil an Rialálaí le 352 ábhar san iomlán a tarraingíodh anuas le linn 9 gcruinniú de chuid an Choiste Seirbhísí Carthanais.

Tábla 3: Miondealú ar Sheirbhísí Carthanais

Cineál Ábhair	Líon
Iarratais nach gnáthiarratais iad (ábhair ilghnéitheacha, e.g. cásanna ina n-iarrtar tuairim nó comhairle ón Rialálaí; iarratais Cy-Près)	94
Gnáthiarratais - diúscairtí maoine (e.g. morgáistí, díolacháin, aistrithe, léasanna a cheadú)	123
Dea-Rialachas	102
Bearnú ar Thairbhithe	33

Ráitis Airgeadais

Don Tréimhse idir an 17 Deireadh Fómhair 2014

agus an 31 Nollaig 2015

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An tÚdarás Rialála Carthanas

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Carthanas don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2015 faoin Acht Carthanas 2009. Cuimsíonn na ráitis airgeadais an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim, an ráiteas faoin staid airgeadais, an ráiteas faoi shreabhadh airgid thirim, agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi Alt 30 den Acht agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis.

Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis

Cuireadh an tÚdarás ar bun an 17 Deireadh Fómhair 2014, mar atá leagtha amach sa nóta maidir le beartais chuntasaíochta a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.
Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú.
Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí ón mBord um Chleachtais Iniúchóireachta.

Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh fianaise a fháil ar na suimeanna agus ar an nochtadh sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha ar bith, cibé acu de bharr calaoise nó earráide é. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas

- cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an Údaráis, gur cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus gur nochtadh go leordhóthanach iad
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Féachaim freisin le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is é mo thuairim:

- go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2015; agus
- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis.

Is é mo thuairim gur leor taifid chuntasaíochta an Údaráis chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó sa chás

- gur tháinig mé ar aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó aon chás nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann, nó
- nach léiríonn an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- go bhfuil ábhair ábhartha eile ann a bhaineann leis an dóigh ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair sin ar a dtuairiscítear trí eisceacht.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
16 Nollaig 2016

Ráitis Airgeadais

An tÚdarás Rialála Carthanas

Don Tréimhse idir an 17 Deireadh Fómhair 2014 agus an 31 Nollaig 2015

RIARACHÁN

Don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2015

An tÚdarás Rialála Carthanas
("An tÚdarás")

Conor Woods, Cathaoirleach (a d'éirigh as an ról an 31 Bealtaine 2015)
Graham Richards
Ann Fitzgerald
Patricia Cronin
David Brady
Cynthia Clampett
Patrick Hopkins (a ceapadh mar chathaoirleach an 13 Iúil 2015)
Anna Classon
Fergus Finlay
Tom Costello
Senan Turnbull
Barbara O'Connell
Hugh Maddock
Sandra Chambers
Katie Cadden
Noel Wardick

Príomhfheidhmeannach
Úna Ní Dhubhghaill (an 17 Deireadh Fómhair 2014 go dtí an 15 Aibreán 2016)
John Farrelly (a ceapadh an 16 Bealtaine 2016)

OIFIG: Teach Naomh Máirtín, Bóthar Waterloo, Baile Átha Cliath 4

AN tÚDARÁS RIALÁLA CARTHANAS

RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

Ceanglaítear le halt 30(1) den Acht Carthanas 2009 ar an Údarás ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirmeacha agus i dtaca le cibé tréimhsí cuntasaíochta a cheadóidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige, ní mór don Údarás:

- Beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás ag feidhmiú.
- A lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil ina dtugtar léiriú atá réasúnta cruinn ag am ar bith ar staid airgeadais an Údaráis agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 30(1) den Acht Carthanas 2009. Tá an tÚdarás freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Patrick Hopkins, Chairperson. Date: 15/12/2016

John Farrelly, Chief Executive. Date: 15/12/2016

AN tÚDARÁS RIALÁLA CARTHANAS

RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Thar ceann an Údaráis Rialála Carthanas, admhaímid go bhfuil freagracht orainn as a chinntiú go bhfuil córas cuí rialaithe inmheánaigh airgeadais i bhfeidhm san Údarás.

Is deimhin linn go bhfuil na córais atá i bhfeidhm ag an Údarás réasúnta agus oiriúnach do chúinsí an Údaráis, agus aird á tabhairt ar a mhéid, ar a leibhéal caiteachais, ar a acmhainní foirne agus ar chineál a oibríochtaí. Ní thugann na córais dearbhú iomlán, agus ní féidir leis na córais dearbhú iomlán a thabhairt, nach ndéanfar earráidí ábhartha, áfach.

Ghlac an tÚdarás an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanann an Príomhfheidhmeannach athbhreithniú rialta ar an airgead a chaitear agus ar an ioncam a fhaightear.

Déanann an tÚdarás na mórchinntí straitéiseacha agus tagann sé le chéile ag eatraimh rialta chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar phleananna. Ní ghníomhaíonn an lucht bainistíochta feidhmiúcháin ach laistigh den údarás a tharmligeann an tÚdarás chucu le haghaidh éifeacht a thabhairt do bheartais agus do chinntí an Údaráis.

Tá na nósanna imeachta sonracha seo a leanas i bhfeidhm d'fhonn rialú airgeadais atá éifeachtach a chur ar fáil.

1. Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm maidir le gach cineál earra agus seirbhíse a chean nach, maidir le sonraisc a cheadú i ndáil le hearraí agus le seirbhísí agus maidir le híocaíocht a údarú i ndáil le hearraí agus le seirbhísí. Neartaíodh nósanna imeachta ina leith sin le linn na bliana trí mholtaí a tháinig as iniúchtaí inmheánacha a chur chun feidhme.
2. Déanann an Príomhfheidhmeannach athbhreithniú ar chuntais mhíosúla bhainistíochta.
3. Comhlíonann Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an Údaráis feidhmeanna maoir seachta thar ceann an Bhoird.
4. Tá nósanna imeachta an Údaráis maidir le rialú airgeadais faoi réir athbhreithniú ag an aonad iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
5. Déanann Coiste Iniúchóireachta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais athbhreithniú ar obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.
6. Cloíonn an tÚdarás leis na treoirlínte ábhartha uile maidir le soláthar agus tá sé ag cloí leis na ciorcláin ar fad a bhaineann le húsáid éigeantach creat-chomhaontuithe agus creatchonar thaí.

Deimhnímid gur thug an Bord faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais maidir leis an tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2015.

On behalf of the Board of the Charities Regulatory Authority:

Patrick Hopkins, Chairperson. Date: 15/12/2016

John Farrelly, Chief Executive. Date: 15/12/2016

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA

AN tÚDARÁS RIALÁLA CARTHANAS

RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ COINNITHE IONCAIM DON TRÉIMHSE DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

Ioncam	Nóta	2015 €
Deontas ón Oireachtas	3	1,550,476
Ioncam Iomlán		**1,550,476**
Caiteachas		
Costais foirne	4	736,801
Riarachán	5	908,726
Táille iniúchóireachta		5,426
Dímheas	6	4,990
Iomlán an chaiteachais		**1,655,943**
Easnamh don tréimhse roimh leithreasuithe		**(105,467)**
Aistriú chuig an gcuntas caipitil		(117,198)
Easnamh don tréimhse tar éis leithreasuithe		(222,665)
Iarmhéid a tugadh ar aghaidh ag an 17 Deireadh Fómhair 2014		-
Easnamh a tugadh ar aghaidh ag an 31 Nollaig 2015		(222,665)

Is ionann an t-easnamh don tréimhse agus caiteachas a bhí fabhraithe ag deireadh na bliana agus a bhain leis an mbliain 2015. Íocadh an tsuim sa bhliain 2016. Ba le Vóta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais don bhliain 2016 a cistíodh an caiteachas sin.

Áirítear leis an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim na gnóthachain agus na caillteanais uile a aithníodh sa tréimhse. Tá an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid Thirim agus nótaí 1 go dtí 15 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Carthanas:

On behalf of the Board of the Charities Regulatory Authority:

Patrick Hopkins, Chairperson. Date: 15/12/2016

John Farrelly, Chief Executive. Date: 15/12/2016

AN tÚDARÁS RIALÁLA CARTHANAS

RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2015

Sócmhainní Seasta	**Nóta**	**2015**
		€
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh	6	127,020
Sócmhainní Reatha		
Fardal	8	1,258
Dliteanais Reatha		
Suimeanna iníoctha agus fabhruithe	9	223,923
Glandliteanais Reatha		**(222,665)**
Glandliteanais Iomlána		**(95,645)**
Ionadaithe ag:		
Cuntas Caipitil	7	127,020
Cúlchistí Coinnithe Ioncaim		(222,665)
		(95,645)

Tá an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid Thirim agus nótaí 1 go dtí 15 mar chuid de na ráitis airgeadais seo. Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Carthanas:

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Carthanas:

Patrick Hopkins, Chairperson. Date: 15/12/2016

John Farrelly, Chief Executive. Date: 15/12/2016

AN tÚDARÁS RIALÁLA CARTHANAS

RÁITEAS FAOI SHREAFAÍ AIRGID THIRIM DON TRÉIMHSE DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

Glansreafaí airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	**Nóta**	**2015**
		€
Easnamh oibriúcháin don tréimhse		(222,665)
Dímheas réadmhaoine, gléasra agus trealaimh		4,990
Aistriú chuig an gcuntas caipitil		117,198
Méadú ar fhardal		(1,258)
Méadú ar shuimeanna iníoctha trádála agus fabhruithe		223,923
Glan-insreafaí airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		**122,188**
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		
Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach		(122,188)
Glan-eis-sreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		(122,188)
Glanmhéadú/(glanlaghdú) ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim	3	-
Glansreabhadh airgid thirim a réiteach le gluaiseacht i nglanchistí		-
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag an 17 Deireadh Fómhair 2014		-
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag an 31 Nollaig 2015		-

Tá nótaí 1 go dtí 15 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Carthanas:

Patrick Hopkins, Chairperson. Date: 15/12/2016

John Farrelly, Chief Executive. Date: 15/12/2016

AN tÚDARÁS RIALÁLA CARTHANAS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

1. Beartais Chuntasaíochta
Tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac an tÚdarás Rialála Carthanas iad leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad le linn na bliana.

(a) Faisnéis Ghinearálta
Rialálaí náisiúnta reachtúil na hÉireann ar eagraíochtaí carthanúla is ea an tÚdarás Rialála Carthanas. Is Údarás neamhspleách é an tÚdarás Rialála Carthanas. Bunaíodh an 17 Deireadh Fómhair 2014 faoin Acht Carthanas 2009 é. Foráiltear leis an Acht d'iar-Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn a dhíscaoileadh agus dá bhfeidhmeanna a aistriú chuig an Údarás nua.

Is iad seo a leanas na feidhmeanna a bhí ag iar-Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn:

- seirbhísí a chur ar fáil d'iontaobhaithe carthanas
- cabhrú leis an rún a bhí ag daoine a thug tabhartais agus tiomnachtaí do charthanais a chomhlíonadh
- na sócmhainní nó na cistí de chuid aon charthanais a bhí dílsithe do na Coimisinéirí a riar.

Chuir na Coimisinéirí an tseirbhís sin ar fáil trí chuntas cistí carthanas a oibriú agus trí ghníomhú mar idirghabhálaí idir na carthanais éagsúla agus an ciste infheistíochta.
Mar thoradh ar dhíscaoileadh na gCoimisinéirí, is é an tÚdarás Rialála Carthanas a riarann an cuntas cistí carthanas agus an ciste infheistíochta anois.

(b) Bunús na gCuntas agus Ráiteas Comhlíonta
Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Carthanas don tréimhse idir an 17 Deireadh Fómhair 2014 agus an 31 Nollaig 2015 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann. Is é seo an chéad tacar de ráitis airgeadais ón Údarás a ullmhaíodh de réir FRS 102. Is é an 17 Deireadh Fómhair 2014 dáta an aistrithe chuig FRS 102. Ní dheachaigh an t-aistriú chuig FRS 102 i bhfeidhm ar an staid airgeadais ná ar an bhfeidhmíocht airgeadais atá tuairiscithe anseo.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhruithe na cuntasaíochta, ach amháin nuair atá sonraithe thíos, agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus san fhoirm arna ceadú ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(c) Ioncam a Aithint
Tuairiscítear ioncam deontais ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar bhonn fáltais airgid thirim.

(d) Caiteachas
Is í an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a phróiseálann an párolla agus taifeadtar é sna ráitis airgeadais ar bhonn airgid thirim. Le linn na tréimhse idir an 17 Deireadh Fómhair agus an 31 Nollaig 2014, áfach, ba í an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a d'fhreastail ar na dliteanais phárolla le haghaidh baill foirne a bhí fostaithe sa tréimhse. Dá dhroim sin, ní dhearnadh aon mhuirear sna ráitis airgeadais seo i leith na gcostas sin. Ba ar na ráitis airgeadais seo a gearradh na costais phárolla uile ón 1 Eanáir 2015 i leith.

(e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh
Léirítear réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir a nglanluacha leabhar tráth a n-aistrithe chuig an Údarás.

Déantar réadmhaoin, gléasra agus trealamh a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach mheasta dar tosach an mhí ina gcuirtear an tsócmhainn lena mbaineann i seirbhís.

Troscán	Méid Cothrom 10%
TF	Méid Cothrom 20%
Trealamh Oifige	Méid Cothrom 20%

(f) Cuntas Caipitil
Léirítear sa chuntas caipitil luach neamhamúchta an ioncaim a cuireadh i bhfeidhm chun críche caiteachas caipitil.

2. An Ciste Infheistíochta agus Cistí Carthanas

(a) Ciste Infheistíochta
Meascán infheistíochtaí i gcothromas, in urrúis rialtais, i réadmhaoin agus i sócmhainní airgid is ea an ciste infheistíochta. Bhí luach €36 mhilliún ar an gciste infheistíochta ag an 31 Nollaig 2015.

Níl na cistí sin ar fáil lena n-úsáid ag an Údarás chun a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh. Mar thoradh air sin, níl na cistí sin ar áireamh sna ráitis airgeadais seo. Foilsítear cuntais iniúchta na gcistí sin ar leithligh. Tá siad ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis Rialála Carthanas ag www.charitiesregulatoryauthority.ie.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é an tÚdarás Rialála Carthanas.

(b) Cuntas Cistí Carthanas
Ag deireadh na tréimhse, bhí cistí á sealbhú ag an Údarás lena slánchoimeád le haghaidh 93 Iontaobhas Charthanúla dá bhfuil an tÚdarás ainmnithe mar Iontaobhaí. Tá 10 nIontaobhas eile á n-athbhreithniú faoi láthair chun a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil an tÚdarás ina Iontaobhaí dá gcuid. Tá na cistí á sealbhú i gcuntas bainc thar ceann na nIontaobhas Carthanúil. Ba é €3.8 milliún iarmhéid an chuntais ag an 31 Nollaig 2015.

Níl na cistí sin ar fáil lena n-úsáid ag an Údarás chun a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh. Mar thoradh air sin, níl na cistí sin ar áireamh sna ráitis airgeadais seo. Foilsítear cuntais iniúchta na gcistí sin ar leithligh. Tá siad ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis Rialála Carthanas ag www.charitiesregulatoryauthority.ie.

3. Deontas ón Oireachtas	**2015**
	€
Vóta 24 - Dlí agus Ceart agus Comhionannas	1,550,476

Ní shealbhaíonn an tÚdarás airgead tirim ná coibhéisí airgid thirim. Is í an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a chuireann cistiú ar fáil don Údarás tríd an Deontas ón Oireachtas. Déanann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais gach íocaíocht thar ceann an Údaráis. Is ionann an deontas iomlán agus an tsuim a ghearrtar ar Chuntas Leithreasa na Roinne sin.

4. Costais Foirne

(a) Miondealú ar chostais foirne	**2015**
	€
Pá agus tuarastail	724,581
Taisteal agus cothú	12,220
Iomlán	**736,801**

D'fhostaigh an tÚdarás 17.4 ball foirne coibhéise lánaimseartha sa bhliain 2015. I gcás na tréimhse idir an 17 Deireadh Fómhair 2014 agus an 31 Nollaig 2014, ba í an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a d'fhreastail ar na dliteanais phárolla uile. Bheadh an muirear don tréimhse cothrom le €62,095.

(b) Miondealú ar shochair fostaithe

Raon na sochar fostaithe iomlán		**Líon Fostaithe**
Ó	**Go**	**2015**
€60,000	- €69,999	2
€70,000	- €79,999	-
€80,000	- €89,999	-
€90,000	- €99,999	1
€100,000	- €109,999	-
€110,000	- €119,999	-

5. Costais Riaracháin	**2015**
	€
Táillí Comhaltaí Boird*	117,821
Postas agus Teileachumarsáid	8,703
Costais TF	395,506
Trealamh Oifige agus Soláthairtí Oifige eile	11,881
Glantachán agus Cothabháil Oifige	22,864
Solas agus Teas	11,354
Táillí Dlí	126,156
Cíos	91,674
Costais Chomhairleachta	39,761
Costais Ghinearálta	83,006
	908,726*

Is leis an tréimhse roimh an 17 Deireadh Fómhair 2014 a bhaineann €31,709 de na táillí a íocadh.

6. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

	TF	Trealamh Oifige	Troscán	Iomlán
Costas	€	€	€	€
Ag an 17 Deireadh Fómhair 2014	13,683	9,406	-	23,089
Breiseanna	-	-	122,188	122,188
Diúscairtí	-	-	-	-
Ag an 31 Nollaig 2015	13,683	9,406	122,188	145,277
Dímheas Carntha				
Ag an 17 Deireadh Fómhair 2014	7,207	6,060	-	13,267
Arna mhuirearú sa bhliain1	1,451	1,216	2,323	4,990
Diúscairtí	-	-	-	-
Ag an 31 Nollaig 2015	8,658	7,276	2,323	18,257
Glanluach Leabhar				
Ag an 17 Deireadh Fómhair 2014	6,476	3,346	-	9,822
Ag an 31 Nollaig 2015	5,025	2,130	119,865	127,020

1 Gearradh dímheas sa bhliain ar bhunchostas ceannaigh na sócmhainní.

7. Cuntas Caipitil	**2015**
	€
Sócmhainní a aistríodh an 17 Deireadh Fómhair 2014	9,822
Amúchadh de réir dímheasa	(4,990)
Breiseanna	122,188
	127,020

8. Fardal	**2015**
	€
Páipéarachas	1,258
	1,258

9. Suimeanna iníoctha agus fabhruithe	**2015**
	€
Suimeanna iníoctha	50,295
Fabhruithe	173,628
	223,923

10. Tobhach Pinsin

Is ionann na costais tuarastail sa chuntas seo agus na hollchostais don Údarás don tréimhse. Is í an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a íocann tuarastail thar ceann an Údaráis. Déanann an Roinn asbhaintí tobhaigh phinsin, de réir alt 2(3) den Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2009 (Uimh. 5 de 2009), agus coinnítear iad mar Leithreasaí i gCabhair don Roinn sin.

11. Áitreabh

Oibríonn an tÚdarás amach ó chóiríocht atá lonnaithe i dTeach Naomh Máirtín, Bóthar Waterloo, Baile Átha Cliath 4, ar áitreabh é a ligeann sé ar cíos ó Oifig na nOibreacha Poiblí.

12. Dearbhú Leasanna na gComhaltaí

Ghlac an tÚdarás nósanna imeachta de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil le nochtadh leasanna ag comhaltaí agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin sa tréimhse. Ní raibh aon idirbhearta ann sa tréimhse maidir le gníomhaíochtaí de chuid an Údaráis ina raibh aon leas tairbhiúil ag na comhaltaí.

13. Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Íocadh €98,055 leis an bPríomhfheidhmeannach mar luach saothair don bhliain 2015 agus íocadh €18,196 leis don tréimhse idir an 17 Deireadh Fómhair 2014 agus an 31 Nollaig 2014. Bhí luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh comhdhéanta de bhuntuarastal €98,055. Íocadh speansais €1,642 leis an bPríomhfheidhmeannach laistigh den tréimhse idir an 17 Deireadh Fómhair 2014 agus an 31 Nollaig 2015. Ba sa bhliain 2015 a tabhaíodh agus a íocadh na speansais uile. Ní théann teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí. Ní bhfuair an Príomhfheidhmeannach aon íocaíochtaí i gcoibhneas le feidhmíocht sa bhliain 2015.

14 . Táillí Boird agus Speansais Bhoird

Cuireadh Bord an Údaráis Rialála Carthanas ar bun an 17 Deireadh Fómhair 2014. Bhí trí cinn de chruinnithe ullmhúcháin boird ann roimh bhunú an Bhoird. Bhí táillí €31,709 ag gabháil leis na cruinnithe sin. Bhí ocht gcruinniú ann sa tréimhse idir Deireadh Fómhair 2014 agus Nollaig 2015. Bhí táillí €86,112 agus speansais €7,016 ag gabháil leis na cruinnithe sin. Is leagtha amach thíos atá sonraí faoi fhreastal na gcomhaltaí boird agus na suimeanna a íocadh leo.

Comhaltaí Boird	Táille Boird 2015	Taisteal & Cothú 2015	# de Chruinnithe Boird 2015	Táillí Boird 2014 -Noll. 2014	# de Chruinnithe Boird, DF Boird roimh	# de Chruinnithe Ullmhúcháin an 17 DF 2014
Brady, David	5,985	-	6	3,990	2	3
Cadden, Katie	5,985	1,741	3	3,990	2	3
Chambers, Sandra	5,985	-	6	3,990	2	3
Clampett, Cynthia	5,985	-	4	3,990	2	2
Classon, Anna	5,985	359	3	3,990	1	3
Costello, Tom	5,985	-	5	3,990	2	3
Cronin, Patricia	5,985	-	6	3,990	2	2
Finlay, Fergus	-	-	4	-	2	2
Fitzgerald, Ann	5,985	1,969	6	3,990	2	2
* Hopkins, Patrick	7,424	815	5	3,990	2	3
Maddock, Hugh	5,985	331	4	-	1	3
O'Connell, Barbara	-	-	2	-	1	2
Richards, Graham	-	-	6	-	2	3
Turnbull, Senan	-	-	5	-	2	2
Wardick, Noel	5,985	-	5	3,990	2	3
** Woods, Conor	4,662	1,801	3	5,985	2	3
	71,936	**7,016**		**45,885**		

Táillí iomlána	€117,821
Taisteal agus cothú iomlán	€7,016
Táillí iomlána agus taisteal agus cothú iomlán	€124,837

Íocadh táillí leis na comhaltaí Boird agus leis an gCathaoirleach de réir an ráta chaighdeánaigh cheadaithe ar shocraigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe iad le linn na tréimhse.

* Ceapadh Patrick Hopkins mar Chathaoirleach ar an mBord an 13 Iúil 2015. Roimh an dáta sin, bhí an tUas. Hopkins ina ghnáthchomhalta den Bhord.

** D'éirigh Conor Woods as an ról mar Chathaoirleach ar an mBord an 28 Bealtaine 2015.

15. Ceadú na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an tÚdarás na cuntais seo an 15 Nollaig 2016. 15 December 2016

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Ciste Carthanas

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chiste Carthanas don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2015 faoin Acht Carthanas 2009. Cuimsíonn na ráitis airgeadais an ráiteas faoi fháltais agus faoi íocaíochtaí, an ráiteas faoi iarmhéideanna agus na nótaí gaolmhara. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm nuair a bhí na ráitis airgeadais á n-ullmhú ná an fhormáid ar shonraigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe í de réir Alt 30 den Acht.

Freagrachtaí an Údaráis Rialála Carthanas
Tá Údarás Rialála Carthanas na hÉireann freagrach as ráitis airgeadais an Chiste a ullmhú san fhormáid atá sonraithe.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu de réir an dlí is infheidhme.
Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí ón mBord um Chleachtais Iniúchóireachta.

Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais
Is éard atá i gceist le hiniúchadh fianaise a fháil ar na suimeanna agus ar an nochtadh sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha ar bith, cibé acu de bharr calaoise nó earráide é. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas cibé is amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an Chiste, gur cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus gur nochtadh go leordhóthanach iad réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.
Féachaim freisin le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Tuairim ar na ráitis airgeadais
Is é mo thuairim go léirítear sna ráitis airgeadais go cuí na híocaíochtaí isteach sa Chiste Carthanas agus amach as don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2015, agus na hiarmhéideanna ag an 31 Nollaig 2015.

Is é mo thuairim gur leor taifid chuntasaíochta an Chiste chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht
Tuairiscím trí eisceacht sa chás nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó sa chás
gur tháinig mé ar aon chás ábhartha nár caitheadh airgead do na críocha a bhí beartaithe ann nó aon chás nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann, nó
nach léiríonn an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
go bhfuil ábhair ábhartha eile ann a bhaineann leis an dóigh ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.
Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair sin ar a dtuairiscítear trí eisceacht.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
16 Nollaig 2016

Ráitis Airgeadais
Cistí Carthanas

(An tÚdarás Rialála Carthanas)

Don Tréimhse idir an 17 Deireadh Fómhair 2014 agus an 31 Nollaig 2015

CISTÍ CARTHANAS

(AN tÚDARÁS RIALÁLA CARTHANAS)

RIARACHÁN

Don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2015

An tÚdarás Rialála Carthanas
("An tÚdarás")

Conor Woods, Cathaoirleach (a d'éirigh as an ról an 31 Bealtaine 2015)
Graham Richards
Ann Fitzgerald
Patricia Cronin
David Brady
Cynthia Clampett
Patrick Hopkins (a ceapadh mar chathaoirleach an 13 Iúil 2015)
Anna Classon
Fergus Finlay
Tom Costello
Senan Turnbull
Barbara O'Connell
Hugh Maddock
Sandra Chambers
Katie Cadden
Noel Wardick

Príomhfheidhmeannach
Úna Ní Dhubhghaill (an 17 Deireadh Fómhair 2014 go dtí an 15 Aibreán 2016)
John Farrelly (a ceapadh an 16 Bealtaine 2016)

OIFIG: Teach Naomh Máirtín, Bóthar Waterloo, Baile Átha Cliath 4

CISTÍ CARTHANAS

(AN tÚDARÁS RIALÁLA CARTHANAS)

RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

Ceanglaítear le halt 30(1) den Acht Carthanas 2009 ar an Údarás ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirmeacha agus i dtaca le cibé tréimhsí cuntasaíochta a cheadóidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige, ní mór don Údarás:

- Beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás ag feidhmiú.
- A lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil ina dtugtar léiriú atá réasúnta cruinn ag am ar bith ar staid airgeadais an Údaráis agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 30(1) den Acht Carthanas 2009. Tá an tÚdarás freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Patrick Hopkins, Chairperson. Date: 15/12/2016

John Farrelly, Chief Executive. Date: 15/12/2016

CISTÍ CARTHANAS
(AN tÚDARÁS RIALÁLA CARTHANAS)
RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Thar ceann an Údaráis Rialála Carthanas, admhaímid go bhfuil freagracht orainn as a chinntiú go bhfuil córas cuí rialaithe inmheánaigh airgeadais i bhfeidhm san Údarás.

Is deimhin linn go bhfuil na córais atá i bhfeidhm ag an Údarás réasúnta agus oiriúnach do chúinsí an Údaráis, agus aird á tabhairt ar a mhéid, ar a leibhéal caiteachais, ar a acmhainní foirne agus ar chineál a oibríochtaí. Ní thugann na córais dearbhú iomlán, agus ní féidir leis na córais dearbhú iomlán a thabhairt, nach ndéanfar earráidí ábhartha, áfach.

Ghlac an tÚdarás an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais.

Déanann an Príomhfheidhmeannach athbhreithniú rialta ar an airgead a chaitear agus ar an ioncam a fhaightear.

Déanann an tÚdarás na mórchinntí straitéiseacha agus tagann sé le chéile ag eatraimh rialta chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar phleananna. Ní ghníomhaíonn an lucht bainistíochta feidhmiúcháin ach laistigh den údarás a tharmligeann an tÚdarás chucu le haghaidh éifeacht a thabhairt do bheartais agus do chinntí an Údaráis.

Tá na nósanna imeachta sonracha seo a leanas i bhfeidhm d'fhonn rialú airgeadais atá éifeachtach a chur ar fáil.

1. Comhlíonann Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an Údaráis feidhmeanna mao irseachta thar ceann an Bhoird.
2. Tá nósanna imeachta an Údaráis maidir le rialú airgeadais faoi réir athbhreithniú ag an aonad iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
3. Déanann Coiste Iniúchóireachta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais athbhre ithniú ar obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Deimhnímid gur thug an Bord faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais maidir leis an tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2015.

On behalf of the Board of the Charities Regulatory Authority:

Patrick Hopkins, Chairperson: Date: 15/12/2016

John Farrelly, Chief Executive: Date: 15\12\2016

TURASCÁIL AN INIÚCHÓRA
CISTÍ CARTHANAS
(AN tÚDARÁS RIALÁLA CARTHANAS)
Ráiteas faoi Fháltais agus faoi Íocaíochtaí – an Tréimhse idir an 17 Deireadh Fómhair 2014 agus an 31 Nollag 2015

		An tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2015	An tréimhse dar críoch an 16 Deireadh Fómhair 2014
Fáltais	Nóta	€	€
An Comhchiste Infheistíochta agus fáltais eile	2	1,223,011	1,816,479
Ús ar thaiscí		62,968	57,478
Cistí Carthanas a fuarthas: Cistí carthanas nua		189, 104	84
Ioncam Iomlán		**1,475,083**	**1,874,041**
Íocaíochtaí			
Aistrithe chuig an gComhchiste Infheistíochta agus íocaíochtaí eile	3	2,436,222	2,467,993
Muirir bhainc agus muirir chomhchosúla		110	400
Íocaíochtaí Iomlána		**2,436,332**	**2,468,393**
Glanghluaiseacht		(961,249)	(594,352)
Iarmhéid Tosaigh		4,721,982	5,316,334
Iarmhéid Deiridh		3,760,733	4,721,982

Tá an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

On behalf of the Board of the Charities Regulatory Authority:

Patrick Hopkins, Chairperson. Date: 15/12/2016

John Farrelly, Chief Executive. Date: 15/12/2016

CISTÍ CARTHANAS
(AN tÚDARÁS RIALÁLA CARTHANAS)

Ráiteas faoi Iarmhéideanna amhail an 31 Nollaig 2015

	Nóta	31 Nollaig 2015	16 Deireadh Fómhair 2014
		€	€
Banc agus airgead tirim		3,775,233	4,889,471
Lúide: seiceanna gan íoc		(14,500)	(167,489)
		3,760,733	**4,721,982**
Ionadaithe ag:			
Cuntais charthanas	5	3,760,733	4,721,982

Tá an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Carthanas:

Patrick Hopkins, Chairperson. Date: 15/12/2016

John Farrelly, Chief Executive. Date: 15\12\2016

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

1. Beartais Chuntasaíochta
Tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac an tÚdarás Rialála Carthanas iad leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad le linn na bliana.

(a) Faisnéis Ghinearálta
Rialálaí náisiúnta reachtúil na hÉireann ar eagraíochtaí carthanúla is ea an tÚdarás Rialála Carthanas. Is Údarás neamhspleách é an tÚdarás Rialála Carthanas. Bunaíodh an 17 Deireadh Fómhair 2014 faoin Acht Carthanas 2009 é. Foráiltear leis an Acht d'iar-Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn a dhíscaoileadh agus dá bhfeidhmeanna a aistriú chuig an Údarás nua.

Is iad seo a leanas na feidhmeanna a bhí ag iar-Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn:
• seirbhísí a chur ar fáil d'iontaobhaithe carthanas
• cabhrú leis an rún a bhí ag daoine a thug tabhartais agus tiomnachtaí do charthanais a chomhlíonadh
• na sócmhainní nó na cistí de chuid aon charthanais a bhí dílsithe do na Coimisinéirí a riar.

Chuir na Coimisinéirí an tseirbhís sin ar fáil trí chuntas cistí carthanas a oibriú agus trí ghníomhú mar idirghabhálaí idir na carthanais éagsúla agus an ciste infheistíochta. Mar thoradh ar dhíscaoileadh na gCoimisinéirí, is é an tÚdarás Rialála Carthanas a riarann an cuntas cistí carthanas agus an ciste infheistíochta anois.

Rinne gnólacht seachtrach cuntasóirí cuntais agus iniúchadh ar leithligh ar ráitis airgeadais an Chomhchiste Infheistíochta don tréimhse idir an 17 Deireadh Fómhair 2014 agus an 31 Nollaig 2015.

Léirítear sna ráitis airgeadais seo (cistí carthanas) ón Údarás Rialála Carthanas aistrithe chuig an gComhchiste Infheistíochta agus uaidh araon sa tréimhse chuntasaíochta chéanna.

Is é ról an Údaráis Rialála Carthanas gníomhú mar idirghabhálaí idir na sealbhóirí éagsúla aonaid infheistíochta (carthanais) agus an Comhchiste Infheistíochta, rud atá á fheidhmiú ag Davy Asset Management. Leis an gComhchiste Infheistíochta, feidhmítear scéim athinfheistíochta díbhinne lena dtugtar rogha do na sealbhóirí aonaid (carthanais) ioncam díbhinne a fháil mar airgead tirim nó é a athinfheistiú ar ais sa chiste. Is iad na hiontaobhaithe (Davy) a ríomhann an tsuim a dháilfear. Tá an leithdháileadh bunaithe ar an líon scaireanna atá i seilbh ag gach carthanas. Tá dlúthnaisc airgeadais ann idir an Comhchiste Infheistíochta agus an tÚdarás Rialála Carthanas toisc gurb é an tÚdarás a fhaigheann na díbhinní dhá uair in aghaidh na bliana. Ina dhiaidh sin, tugann an tÚdarás na suimeanna ábhartha ar aghaidh don sealbhóir aonaid (carthanas) nó athinfheistíonn sé an t-airgead sa chiste má iarrann an sealbhóir aonaid air déanamh amhlaidh. Féadfaidh an sealbhóir aonaid (carthanas) a chinneadh na haonaid uile atá aige sna cistí, nó cuid díobh, a dhíol. Is é Davy Asset Management, bainisteoir an phróisis ar fad, a phróiseálann an díolachán agus a fhaigheann na fáltais uaidh. Tugann sé na fáltais díolacháin ar aghaidh chuig an Údarás Rialála Carthanas ansin. Eisíonn an tÚdarás an t-airgead chuig an gcarthanas lena mbaineann ina dhiaidh sin. I nóta 4 de na cuntais seo, tugtar míniú níos mine ar na naisc atá ann idir Ráitis Airgeadais an Údaráis Rialála Carthanas agus Ráitis Airgeadais an Chomhchiste Infheistíochta.

(b) Fáltais
Ullmhaítear na cuntais ar bhonn fáltais airgid thirim. Is iad seo a leanas na príomhfhoinsí fáltas:

• cuntais iontaobhaithe a bhí i seilbh an Chomhchiste Infheistíochta a dhúnadh
• díbhinní a fháil ó infheistíochtaí atá á sealbhú sa Chomhchiste Infheistíochta
• cistí carthanas a fháil ar feitheamh glanadh Scéime, agus
• ús bainc a thuilltear.

(c) Íocaíochtaí
Is iad seo a leanas atá sna príomhíocaíochtaí:

• íocaíochtaí le hiontaobhaithe na gcarthanas éagsúil de bharr cuntais an Chomhchiste Infheistíochta a dhúnadh
• díbhinní ó infheistíochtaí atá á sealbhú sa Chomhchiste Infheistíochta a íoc le hiontaobhaithe, agus
• cistí carthanas a aistriú chuig cuntais an Chomhchiste Infheistíochta.

2. Anailís ar Fháltais

Fáltais ón gComhchiste Infheistíochta	An tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2015 €	An tréimhse dar críoch an 16 Deireadh Fómhair 2014 €
Dúnadh cuntas	66,849	789,478
Díbhinní a fuarthas	932,738	991,286
Aistriú le haghaidh táillí cuntasaíochta agus muirir bhainc a íoc	14,570	14,659
Eile	3,000	21,056
Iomlán	1,017,157	1,816,479
Fáltais Eile		
Airgead a tugadh ar ais roimh bhunú an Údaráis	205,854	-
Fáltais Iomlána	1,223,011	1,816,479

3. Anailís ar Íocaíochtaí

Íocaíochtaí isteach sa Chomhchiste Infheistíochta	An tréimhse dar chríoch an 31 Nollaig 2015 €	An tréimhse dar críoch an 16 Deireadh Fómhair 2014 €
Aistriú le haghaidh infheistíochtaí	77,546	840,169
Iomlán	**77,546**	**840,169**
Íocaíochtaí Eile		
Díbhinní a íocadh	898,047	866,414
Seandíbhinní a íocadh le sealbhóirí aonaid	428,088	
Fáltais ó dhíolacháin aonaid	648,555 2	20,605
Íocaíochtaí le carthanais	312,276	512,344
Táillí riaracháin	14,434	13,302
Scoláireachtaí a íocadh	57,276	15, 159
Iomlán	2,358,676	1,627,824
Íocaíochtaí Iomlána	**2,436,222**	**2,467,993**

4 Figiúirí a thuairiscítear sna Ráitis Airgeadais don Chomhchiste Infheistíochta agus don Údarás Rialála Carthanas araon.

Fáltais ón gComhchiste Infheistíochta	**31 Nollaig 2015 €**	**Nasc le Ráitis Airgeadais an Chomhchiste Infheistíochta**
Dúnadh cuntas	66,849	Ríomhadh an figiúr seo bunaithe ar an líon scaireanna a bhí in eisiúint sa Chomhchiste Infheistíochta ar an dáta tosaigh - 7,562,584 cinn - agus ar an líon a bhí in eisiúint ar an dáta deiridh - 7,603,749 gcinn.
Díbhinní a fuarthas	932,738	An tSuim arna Dáileadh i gCuntais an Chom hchiste Infheistíochta - €1,519,557 - lúide Díbhinní a bhí Iníoctha le Creidiúnaithe - €588,530. Móide an díbhinn €1,711 a fuarthas ar dhúnadh an chuntais.
Aistriú le haghaidh táillí cuntasaíochta agus muirir bhainc a íoc	14,570	Baineann an figiúr seo le suimeanna a aisío cadh ón gComhchiste Infheistíochta leis an Údarás Rialála Carthanas i ndáil le táillí cun tasaíochta agus muirir bhainc a tabhaíodh.
Eile	3,000	Baineann an figiúr seo le seic neamhbhriste le haghaidh suim a íocadh trí dhearmad le linn na bliana 2014. Cealaíodh an seic sin sa bhliain 2015.
Iomlán	**1,017,157**	

Íocaíochtaí isteach sa Chomhchiste Infheistíochta	**31 Nollaig 2015 €**	**Nasc le Ráitis Airgeadais an Chomhchiste Infheistíochta**
Aistriú le haghaidh infheistíochtaí	77,546	I gCuntais an Chomhchiste Infheistíochta: Áirítear suim €77,546 le suim na rannío caíochtaí ó charthanais, is é sin, €89,521. Baineann na difríochtaí le hÍocaíochtaí Caingne Aicmí ar fiú €2,934 iad agus aisío caíochtaí Cánach Ioncaim ar fiú €9,041 iad.
Iomlán	**77,546**	

5. Aosú Iarmhéideanna Bainc

Aois	**An Tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2015**	**An Tréimhse dar críoch an 16 Deireadh Fómhair 2014**
	€	€
Reatha	124, 168	736,677
Bliain amháin	18,823	438,5 I 7
Dhá bhliain	393,972	111,435
Trí bliana	37,402	141,228
Ceithre bliana	I 10, 158	161,434
Cúig bliana	110,800	277,857
> Cúig bliana	2,965,410	2,854,834
Iomlán	**3,760,733**	**4,721,982**

Áirítear leis an tsuim €2,965,410, atá níos mó ná cúig bliana d'aois, cistí atá á sealbhú le haghaidh thart ar ocht gcarthanas déag. I gcás ceann amháin de na carthanais, is fiú €2,164,170 (73%) den iomlán í an tsuim atá níos sine ná cúig bliana d'aois.

6. Dáileadh cistí faoi scéim Cy-Près

Faoi scéim Cy-Près 1962, rinne na Coimisinéirí cistí a bhí á sealbhú i gcuntas bainc Úis Neamh-leithdháilte ar leith a dháileadh ar 22 eagraíocht charthanúla i mí an Mheithimh 2014. Shainaithin an Coimisiún ina dhiaidh sin go bhféadfaí na cistí dáilte (ús) uile, nó cuid díobh, a leithdháileadh go réasúnta ar na carthanais sin ar shaothraigh a gcistí féin an t-ioncam. Tá an tÚdarás Rialála Carthanas ag obair chun an dáileadh tosaigh €165,000 a aisghabháil faoi láthair. Mar a bhí an scéal ag deireadh mhí na Nollag 2015, ba é €10,000 an t-iarmhéid iomlán a bhí amuigh. Aisghabhadh an chuid eile ina dhiaidh sin sa bhliain 2016.

7. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an tÚdarás na cuntais seo an 15 December 2016

An Comhchiste Infheistíochta Ráitis Airgeadais 2015

Riarachán

An tÚdarás Rialála Carthanas
("An tÚdarás")

Patrick Hopkins, Cathaoirleach (a ceapadh an 13/07/2015)
Conor Woods, Cathaoirleach (a d'éirigh as an 31/05/2015)
David Brady
Katie Cadden
Sandra Chambers
Cynthia Clampett
Anna Classon
Tom Costello
Patricia Cronin
Fergus Finlay
Ann Fitzgerald
Hugh Maddock
Barbara O'Connell
Graham Richards, Aturnae
Senan Turnbull
Noel Wardick

Príomhfheidhmeannach

Una Ní Dhubhgaill (a d'éirigh as an 15 Aibreán 2016)
John Farrelly (a ceapadh an 16 Bealtaine 2016)

Oifig Chláraithe

51 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

Aturnaetha

Beauchamps Solicitors
Riverside Two
Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2

Iontaobhaithe agus Bainisteoir Infheistíochta

Davy Asset Management Limited
Teach Davy
49 Sráid Dhásain
Baile Átha Cliath 2

Fo-Chaomhnóir Domhanda

Bank of New York Mellon
An 4ú hUrlár
Foirgneamh Hanover
Lána an Mhuilinn Ghaoithe
Baile Átha Cliath 2

An Comhchiste Infheistíochta Ráitis Airgeadais

An Comhchiste Infheistíochta Ráitis Airgeadais 2015

Riarachán (ar lean)

Príomhbhaincéirí

Permanent TSB
70 Sráid Grafton
Baile Átha Cliath 2

Banc Uladh
33 Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2

Iniúchóirí

BDO
Iniúchóirí Cláraithe
Teach Lána Beaux
Sráid Mercer Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

An Comhchiste Infheistíochta Ráitis Airgeadais 2015

Tuarascáil an Údaráis Rialála Carthanas don Chomhchiste Infheistíochta

Cuireann an tÚdarás an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais iniúchta don Chomhchiste Infheistíochta i láthair don tréimhse airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2015, faoi mar a fhoráiltear dó in Alt 87 den Acht Carthanas 2009.

Struchtúr eagrúcháin agus aidhmeanna an Chiste

Tugtar sainordú don Údarás Rialála Carthanas ("an tÚdarás") faoin Acht Carthanas 2009 seirbhísí a chur ar fáil d'iontaobhaithe carthanas agus cloí leis an rún atá ag daoine a thugann tabhartais agus tiomnachtaí do charthanas.

De bhun Alt 83 den Acht Carthanas 2009, cuireadh ar iontaoibh an Údaráis Rialála Carthanas sócmhainní carthanas éagsúil ar cuireadh ar a n-iontaoibh féin roimhe sin. Déanann an tÚdarás, thar ceann an charthanais dá bhfuil na sócmhainní dílsithe, na sócmhainní a shealbhú ar iontaobhas:

- le haghaidh na n-iontaobhas agus na gcuspóirí ar dílsíodh na sócmhainní ina leith; nó
- le haghaidh na n-iontaobhas nó na gcuspóirí sin atá ar marthain nó a d'fhéadfadh teacht i bhfeidhm.

Féadfaidh an tÚdarás cibé daoine is cuí leis gníomhú mar iontaobhaithe agus sócmhainní an Chiste a riar a cheapadh.

Ba iad Davy Asset Management Limited iontaobhaithe na scéime don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2015.

Is éard atá sa Scéim forálacha lena mionsonraítear cumhachtaí infheistíochta iontaobhaithe na Scéime; clár a bhunú; an bonn luachála le haghaidh infheistíochtaí; dáiltí díbhinne (a ghlacfar mar chúram ar bhonn leathbhliantúil i mí an Mheithimh agus i mí na Nollag) chomh maith le forálacha maidir le haistarraingtí ón gCiste agus breiseanna leis an gCiste.

Is fiú thart ar €36 mhilliún é an ciste (2014: €32 mhilliún) agus tá sé á bhainistiú ar bhonn lánroghnach ag Davy Asset Management Limited. Is iad na hinfheisteoirí sa Chiste ná carthanais a bhfuil díolúine bhailí charthanúil ó cháin acu ó na Coimisinéirí Ioncaim nó iontaobhais charthanúla eile a ligeann na Coimisinéirí, faoina rogha féin, isteach iad mar infheisteoirí sa Chiste. Déantar infheistíocht trí aonaid a cheannach, bunaithe ar phraghsanna aonaid a shocraítear don Chiste an 30 Meitheamh agus an 31 Nollaig nó ag aon am is cuí leis an Údarás Rialála Carthanas. Socraítear sóinseálacha trí fhuascailt aonad a shealbhaítear agus socraítear praghsanna fuascailte dhá uair sa bhliain, faoi mar atá sé thuas.

Freagraíonn na praghsanna aonaid do raon tairisceana is atairisceana 1% a fhanann laistigh de luach an Chiste chun a chinntiú nach ndéanfaidh infheistiú/dí-infheistiú ag sealbhóirí aonaid dochar do shealbhóirí eile aonaid. Íoctar díbhinn nó dáileadh le sealbhóirí aonaid i leith na leathbhliana dar críoch an 30 Meitheamh agus an 31 Nollaig. B'ionann na dáiltí iomlána a íocadh amach i leith na tréimhse airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2015 agus 22.33 cent (2014: 8.30 cent).

An Comhchiste Infheistíochta Ráitis Airgeadais 2015

Tuarascáil an Údaráis Rialála Carthanas don Chomhchiste Infheistíochta- ar lean

Tá scéim athinfheistíochta díbhinne i bhfeidhm lena dtugtar rogha do shealbhóirí aonaid ioncam díbhinne a fháil mar airgead tirim nó é a athinfheistiú ar ais sa Chiste. Má chinntear é a athinfheistiú sa Chiste, beidh méadú comh-fhreagrach ann ar an líon aonad ag deireadh mhí an Mheithimh nó ag deireadh mhí na Nollag, de réir mar is cuí.

Ní thugtar aon ráthaíocht ar bith d'infheisteoirí go mbeidh dea-thoradh ann ar a n-infheistíocht. Tríd is tríd, baineann meánleibhéal riosca leis an gCiste. Ní ciste airgid thirim é. Infheistítear airgead an Chiste ar mhaithe le hioncam agus fás caipitil a ghnóthú san fhadtéarma. Maidir leis sin, d'fhéadfadh go dtiocfadh méadú agus laghdú araon ar phraghas na n-aonad atá á sealbhú. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh go bhfulaingeodh infheisteoir caillteanas ar a infheistíocht.

Bhí caipiteal an chiste comhdhéanta de na hinfheistíochtaí seo a leanas ag an 31 Nollaig 2015:

Ús seasta Éireannach	3.4%
Ús seasta eachtrannach	22.2%
Réadmhaoin Éireannach	7.3%
Gnáthscaireanna na Ríochta Aontaithe	8.8%
Gnáthscaireanna an limistéir euro agus gnáthscaireanna domhanda	46.6%
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	1.7%
	100%

Príomhghníomhaíochtaí

Is é an príomhchuspóir fadtéarmach atá ann ná féachaint le hurrús agus toradh barrmhaith a bhaint amach, ag féachaint do riachtanais ghiniúna ioncaim agus fháis chaipitil na dtairbhithe agus ag tabhairt airde ar imthosca margaidh i gcoitinne. Is éard atá i gceist anseo ná féachaint leis an toradh ar shócmhainní infheistithe a uasmhé-adú, faoi réir riachtanais ioncaim agus leachtachta na dtairbhithe.

Tacaíonn na cuspóirí infheistíochta mionsonraithe leis na cuspóirí infheistíochta ardleibhéil sin:

a) Punann éagsúlaithe sócmhainní. Ba cheart éagsúlú a bheith laistigh de chatagóir sócmhainne agus freisin idir cineálacha éagsúla sócmhainne.
b) Leibhéal dóthanach sócmhainní airgeadaíochta (e.g. ús seasta/airgead tirim). Bhainfí úsáid as an ngné seo chun freastal ar riachtanais leanúnacha sreabhadh airgid.
c) Sócmhainní réadacha dóthanacha. Tá sócmhainní réadacha ag teastáil chun tionchar an bhoilscithe ar ío-caíochtaí airgid amach anseo a chealú.

Torthaí agus díbhinní

Tá an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2015 leagtha amach ar leathanach 9. B'ionann an Glanioncam don tréimhse airgeadais 14 mhí go dtí an 31 Nollaig 2015 agus €1,442,364 (an tréimhse airgeadais 10 mí dar críoch an 16 Deireadh Fómhair 2014: €770,826).

Príomhrioscaí agus príomhéiginnteachtaí

Is le gach infheistíocht a bhaineann méid áirithe riosca (i.e. ní eol luach na hinfheistíochta amach anseo). Tá éagsúlacht ann maidir leis an riosca a bhaineann le gach aicme sócmhainne freisin. Níor cheart straitéis ardriosca a ghlacadh ach amháin sa chás go bhfuil ionchas réasúnta ann gurbh airde i bhfad an toradh a sholáthrófaí leis an straitéis sin ná an ceann a sholáthrófaí le straitéis ísealriosca.

An Comhchiste Infheistíochta Ráitis Airgeadais 2015

Tuarascáil an Údaráis Rialála Carthanas don Chomhchiste Infheistíochta- ar lean

Beartas agus feidhmíocht infheistíochta

Is mar seo a leanas atá beartas infheistíochta an Údaráis:
a) Airgead a infheistiú de réir an Achta Carthanas 2009 agus de réir gach ordaithe ábhartha ón Aire;
b) Infheistíochtaí i Stoic Rialtais in aon tír is ball den Aontas Eorpach nó infheistíochtaí eile ó iontaobhaithe a cheadú de réir na bhforálacha atá sa chéad sceideal a ghabhann leis an Ordú fán Ordú Iontaobhaithe, 1998 (leasú), 2002;
c) An ciste a cheadú aon infheistíocht in urrúis nó i sealúchais in aon Iontaobhas Aonad Neamhúdaraithe a sealbhaíodh roimh dháta an Chomhaontaithe um Bainistiú Infheistíochta a choinneáil;
d) Bainistiú infheistíochta na sócmhainní a tharmligean chuig saineolaithe aitheanta;
e) Bainisteoir amháin a choinneáil chun na sócmhainní a bhainistiú;
f) Bainistiú na sócmhainní a tharmligean chuig na hiontaobhaithe;
g) Iarraidh ar na hiontaobhaithe cur chuige infheistíochta atá gníomhach agus cothrom a úsáid, i.e. de réir treoirlínte an-leathan agus faoi réir mionsrianta infheistíochta. Tá lánrogha iomlán ag na hIontaobhaithe maidir le dáileadh an chiste i measc margaí agus ranganna sócmhainne agus maidir leis an roghnú stoc etc. laistigh de na ranganna sin;
h) Treoirlínte agus srianta infheistíochta a leagan síos, a bhfuil sé mar aidhm leo gan aon dáiltí sócmhainne a eisiamh ach amháin iad sin atá do-ghlactha go hiomlán don Údarás Rialála Carthanas;
i) Cuspóirí sonracha feidhmíochta a leagan síos lena dtugtar aird ar na treoirlínte/srianta infheistíochta arna leagan síos ag an Údarás Rialála Carthanas agus ar an leibhéal riosca atá inghlactha dó;
j) Iarraidh ar na hiontaobhaithe coimeád agus slánchoimeád na sócmhainní a tharmligean chuig Bank of New York Mellon ("an caomhnóir").

Bhain an Ciste gnóthachain leathana amach ar fud gnáthscaireanna, bannaí agus réadmhaoine le linn na tréimhse idir an 17 Deireadh Fómhair 2014 go dtí an 31 Nollaig 2015. Tá meascán éagsúil infheistíochtaí ag an gCiste go fóill, mar tá infheistíochtaí déanta aige i gcothromas, in urrúis rialtais, i réadmhaoin agus i sócmhainní airgid.

Bhí an bhliain 2015 ina bliain an-dúshlánach d'infheisteoirí. Chuaigh roinnt eachtraí i bhfeidhm ar na margaí domhanda sa bhliain 2015, lenar áiríodh an ghéarchéim pholaitiúil sa Ghréig, an laige i stocmhargadh na Síne agus an chéad mhéadú ar rátaí úis sna Stáit Aontaithe le beagnach deich mbliana. I measc na ndúshlán eile ar ghá do na margaí iad a shárú bhí an mhoill a tháinig ar fhás i margaí atá ag teacht chun cinn, an laghdú ar phraghsanna ola agus an méadú ar neart an dollair.

Tháinig méadú 2.3% ar Chiste Cothromais Dhomhanda FTSE i dtéarmaí airgeadra áitiúil. Mar gheall ar a laige a bhí an euro i gcomparáid le hairgeadraí eile, bhain infheisteoirí sa euro méadú 9.9% amach i bhfoirm torthaí cothromais dhomhanda. I gcomparáid le Margadh Bannaí Flaithiúnais Euro Merrill Lynch, thaifead margadh bannaí an Limistéir Euro méadú 0.4% ar thorthaí ar an Innéacs Bannaí 5 bliana i ráithe 4 agus thaifead sé méadú foriomlán 2.0% sa bhliain 2015. Tá boilsciú fós fíoríseal sa limistéar euro.

Tháinig méadú ar thorthaí bannaí tagarmhairc sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe sa ráithe dheireadh den bhliain 2015. Ba cheart go dtacódh an neart leachtachta atá ann i margaí domhanda de bharr gníomhartha leanúnacha ag bainc cheannais, go háirithe san Eoraip agus sa tSeapáin, le luachanna a mhéadú amach anseo freisin. Mar gheall ar an bhfás íseal eacnamaíoch sa limistéar euro, nílimid ag súil go dtiocfaidh aon athrú ar an ráta úis nialasaigh sa limistéar euro go ceann i bhfad.

Iniúchóirí
Chuir BDO, Iniúchóirí Cláraithe, in iúl go bhfuil siad toilteanach leanúint ar aghaidh mar iniúchóirí ar Chomhchiste Infheistíochta an Údaráis Rialála Carthanas.

A Member of the Authority

Date: 3 NOV 2016

Chief Executive

An Comhchiste Infheistíochta Ráitis Airgeadais 2015

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na nIontaobhaithe

Ceanglaítear leis an Scéim ar na hiontaobhaithe ráitis airgeadais ina dtugtar léargas fírinneach cóir ar staid ghnóthaí an Chiste a ullmhú do gach bliain airgeadais, in éineacht le clár comhardaithe, ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cuntas caipitil. Ceanglaítear ar iontaobhaithe na Scéime na nithe seo a leanas agus na ráitis airgeadais seo á gcur i dtoll a chéile:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- a lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme agus ráitis faoi chleachtas molta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfar leis an gciste a fheidhmiú.

Deimhníonn na hiontaobhaithe gur chloígh siad leis na ceanglais thuas agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá iontaobhaithe na scéime freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil ina dtugtar léiriú atá réasúnta cruinn ag am ar bith ar staid airgeadais an Chiste agus lena gcuirtear ar chumas iontaobhaithe na Scéime a chinntiú go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir rialacha na Scéime. Tá iontaobhaithe na Scéime freagrach freisin as sócmhainní an Chiste a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Trustee

Trustee

Date: 7/11/2016

BDO

Audit - Tax - Advisory
Tel: +353 1 470 0000
Fax: +353 1 477 0000
E-mail: info@bdo.ie
www.bdo.ie

Beaux Lane House
Mercer Street Lower
Dublin 2
Ireland

Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha don Údarás Rialála Carthanas

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais an Chomhchiste Infheistíochta don tréimhse airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2015, ar ráitis iad ina bhfuil an Clár Comhardaithe, Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, Cuntas Caipitil agus nótaí gaolmhara. Is é an creat ábhartha tuairiscithe airgeadais a úsáideadh le linn ullmhú na ráiteas ná FRS 102, "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus arna fhógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Thugamar faoinár n-obair iniúchóireachta chun go bhféadfaimis tuairisc a thabhairt don Údarás Rialála Carthanas ar na hábhair sin a gceanglaítear orainn faoinár litir theagmhála tuairisc a thabhairt dó orthu i dtuarascáil iniúchóirí neamhspleácha, agus ní ar chúis ar bith eile. A mhéid a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid le dliteanas d'aon duine ná ní ghabhaimid aon dliteanas orainn féin d'aon duine, ach amháin don Údarás Rialála Carthanas mar chomhlacht, maidir lenár n-obair iniúchóireachta don tuarascáil seo ná leis na tuairimí atá déanta againn.

Freagrachtaí faoi seach na n-iontaobhaithe agus na n-iniúchóirí
Mar a mhínítear níos mine sa Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na nIontaobhaithe atá leagtha amach ar leathanach 6, tá na hiontaobhaithe freagrach as ráitis airgeadais ina dtugtar léargas fírinneach cóir a ullmhú. Is é an fhreagracht atá orainn na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairim a chur in iúl ina leith de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Ceanglaítear leis na caighdeáin sin orainn cloí leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí ón mBord um Chleachtais Iniúchóireachta.

Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais
Is é atá i gceist le hiniúchadh fianaise a fháil faoi na suimeanna agus faoin nochtadh sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha ar bith, cibé acu trí chalaois nó trí earráid. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas: cé acu atá nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach don Chomhchiste Infheistíochta agus cé acu a cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus cé acu a nochtadh nó nár nochtadh go leordhóthanach iad; a réasúnta atá na meastacháin shuntasacha chuntasaíochta a rinne iontaobhaithe an Chomhchiste Infheistíochta; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Ina theannta sin, léimid an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais ar fad atá i dTuarascáil an Údaráis agus sna Ráitis Airgeadais chun aon neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus chun sainaithint a dhéanamh ar aon fhaisnéis atá mícheart go hábhartha de réir dealraimh bunaithe ar an bhfaisnéis a ghnóthaíomar le linn an t-iniúchadh a dhéanamh nó ar aon fhaisnéis atá neamhréireach go hábhartha leis an bhfaisnéis sin. Má thagaimid ar an eolas faoi aon mhíráitis ábhartha dhealraitheacha nó faoi aon neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha, breithnímid na himpleachtaí dár dtuarascáil.

Tuairim ar na ráitis airgeadais
Is é seo a leanas an tuairim atá againn ar na ráitis airgeadais:
• tugtar léargas fírinneach cóir iontu ar staid ghnóthaí an Chomhchiste Infheistíochta amhail an 31 Deireadh Fómhair 2015 agus ar an ioncam agus ar an gcaiteachas don tréimhse airgeadais dar críoch an dáta sin, agus
• ullmhaíodh iad de réir an chreata ábhartha tuairiscithe airgeadais.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta. Is é ár dtuairim gur choinnigh an Comhchiste Infheistíochta leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

BDO

BDO
Statutory Audit Firm
Dublin
AI223876

7 November 2016.
Date

Other Offices:

Four Michael Street
Limerick

Michael Costello (Managing Partner)
Andrew Bourg
Katharine Byrne
Maurice Carr
Kevin Doyle
John Gilmor Gavin

Jim Hamilton
Sinead Heaney
Diarmuid Hendrick
Derek Henry
Liam Hession
Gerard Holliday

Brian Hughes
Ken Kilmartin
Teresa Morahan
Paul Nestor
John O'Callaghan
Con Quigley

Peter Carroll
Eddie Doyle
Stewart Dunne
Ivor Feerick
Brian Gartlan
David Giles
Derry Gray

Denis Herlihy
David McCormick
Brian McEnery
Ciarán Medlar
David O'Connor
Patrick Sheehan
Noel Taylor

Chartered Accountants

BDO, a partnership established under Irish law, is a member of BDO International Limited, a UK company limited by guarantee, and forms part of the international BDO network of independent member firms. BDO is authorised by the Institute of Chartered Accountants in Ireland to carry on investment business.

An Comhchiste Infheistíochta Ráitis Airgeadais 2015

CLÁR COMHARDAITHE
Amhail an 31 Nollaig 2015

	Nótaí	31 Nollaig 2015	16 Deireadh Fómhair 2014
Infheistíochtaí	4	32,363,943	29,617,012
Airgead tirim	4	2,820,162	1,724,264
Cúlchiste comhionannaithe	5	759,995	758,971
Cuntas díbhinne	5	551,108	256,979
Cuntas dáilte		750	
Cuntas muirear		134,630	75,446
Féichiúnaithe (Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)		66,253	45,365
		36,696,841	32,478,037
Creidiúnaithe (Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	6	(634,501)	(21,752)
Glansócmhainní		36,062,340	32,456,285
Ionadaithe ag:			
Luach an Chiste		36,062,340	32,456,285
An líon aonad in eisiúint		7,603,749	7,562,548
Glanluach Sócmhainní in aghaidh an aonaid		4.74	4.29

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí a ghabhann leo ar leathanaigh 11 - 14.

Arna cheadú ag an Údarás Rialála Carthanas an 3 Nov 2016.

A Member of the Authority

Chief Executive

An Comhchiste Infheistíochta Ráitis Airgeadais 2015

RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS
Don tréimhse airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2015

	Nótaí	An tréimhse airgeadais 14 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2015	An tréimhse airgeadais 10 mí dar críoch an 16 Deireadh Fómhair 2014
		€	€
Ioncam infheistíochta	7	1,481,505	818,775
Ioncam úis ar thaiscí		5,758	10,789
Ioncam iomlán		1,487,263	829,564
Costais bhainistíochta agus riaracháin	8	(117,071)	(58,738)
Glanioncam		**1,370,192**	**770,826**

Arna leithreasú mar seo a leanas

Arna aistriú (chuig an)/ón gCúlchiste Comhionannaithe	(1,025)	25,772
(Arna aistarraingt)/ arna athinfheistiú	(148,341)	279,538
Arna dháileadh	1,519,557	465,516
	1,370,192	**770,826**

B'ionann glanioncam in aghaidh an aonaid don tréimhse airgeadais idir an 17 Deireadh Fómhair 2014 agus an 31 Nollaig 2015 agus 22.33 cent (2014: 8.30 cent), bunaithe ar an líon aonad a bhí in eisiúint ag an dáta sin.

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí a ghabhann leo ar leathanaigh 11 - 14.

Arna cheadú ag an Údarás Rialála Carthanas an

3 Nov 2016.

A Member of the Authority

Chief Executive

An Comhchiste Infheistíochta Ráitis Airgeadais 2015

CUNTAS CAIPITIL
Don tréimhse airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2015

	An tréimhse airgeadais 14 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2015 €	An tréimhse airgeadais 10 mí dar críoch an 16 Deireadh Fómhair 2014 €
Glanioncam infheistíochta	1,370,192	770,826
Deonacháin arna dtabhairt ag carthanais	89,521	1,053,793
Gnóthachain réadaithe agus neamhréadaithe	3,751,416	854,196
	5,211,129	2,678,815
Fuascailtí		
Aistarraingtí arna ndéanamh ag carthanais	(85,517)	(796,257)
Suim arna dáileadh	(1,519,557)	(465,516)
	(1,605,074)	(1,261,773)
Glanmhéadú ar luach an chiste	3,606,055	1,417,042
Luach an chiste i dtús na tréimhse	32,456,285	31,039,243
Luach an chiste ag deireadh na tréimhse	36,062,340	32,456,285

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí a ghabhann leo ar leathanaigh 11 - 14.

Arna cheadú ag an Údarás Rialála Carthanas an 3 Nov 2016.

A Member of the Authority

Chief Executive

An Comhchiste Infheistíochta Ráitis Airgeadais 2015

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1. Faisnéis ghinearálta

Ráitis airgeadais aonair an Chomhchiste Infheistíochta don tréimhse airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2015 is ea na ráitis airgeadais seo ina bhfuil an Clár Comhardaithe, an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus an Cuntas Caipitil agus na nótaí gaolmhara.

Sainordaítear an Comhchiste Infheistíochta faoin Acht Carthanas 2009.

Maidir le ráitis an Chomhchiste a ullmhú, aistríodh ón gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn go FRS 102 an 17 Deireadh Fómhair 2014. Tugtar míniú i nóta 14 ar conas a chuaigh an t-aistriú chuig FRS 102 i bhfeidhm ar an staid airgeadais agus ar an bhfeidhmíocht airgeadais a thuairiscítear.

2. Beartais shuntasacha chuntasaíochta

Na príomhbheartais chuntasaíochta, ar cuireadh gach ceann díobh i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn na tréimhse agus na bliana roimhe sin, tá siad leagtha amach thíos;

Bunús an Ullmhúcháin
Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil arna mhodhnú chun míreanna áirithe a áireamh ar luach cóir. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh le linn ullmhú na ráiteas ná FRS 102 - An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus arna fhógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Ceanglaítear le FRS 102 go mbainfear leas as meastacháin chriticiúla áirithe chuntasaíochta le linn ráitis airgeadais a ullmhú. Ceanglaítear leis freisin ar iontaobhaithe an Chiste breithiúnas a fheidhmiú le linn dóibh beartais chuntasaíochta an Chiste a chur i bhfeidhm (féach nóta 3).

Infheistíochtaí a Luacháil
Tá infheistíochtaí ag an gcuideachta i scaireanna cothromais i roinnt cuideachtaí atá liostaithe agus a thrádáiltear go gníomhach ar stocmhargaí aitheanta. Taifeadtar na hinfheistíochtaí sin de réir costas móide costais an idirbhirt ar dtús. Luacháiltear na hinfheistíochtaí de réir luach cóir ina dhiaidh sin, rud arb é praghas táirgthe na n-urrús i margadh gníomhach ag an dáta tuairiscithe é.

Ioncam a Aithint
Ioncam díbhinne comhláine a fuarthas nó a bhí infhaighte i leith na n-urrús cothromais a sealbhaíodh le linn na bliana, bunaithe ar an dáta ex-díbhinne, cuirtear ar áireamh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais é.

Is ar bhonn fabhruithe a aithnítear ús ar urrúis úis sheasta (suim chomhlán lúide cáin) i dteannta úis ar thaiscí.

Is sa Chuntas Caipitil a phléitear le gnóthachain nó caillteanais ar dhiúscairt agus luacháil na n-infheistíochtaí.

Déantar aonaid chiste a eisítear nó a dhiúscraítear a luacháil de réir na luachálacha aonaid tráth an dáta luachála roimhe sin. Is iad an 30 Meitheamh agus an 31 Nollaig na dátaí luachála.

An Comhchiste Infheistíochta Ráitis Airgeadais 2015

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

2. Beartais shuntasacha chuntasaíochta - ar lean

Airgeadra eachtrach
Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe. Is sa Chuntas Caipitil a phléitear le brabúis agus caillteanais a thagann as tiontú agus aistriú.

Conarthaí réamh-mhalairte
Ó am go chéile, téitear isteach in idirbhearta airgeadra réamh-mhalairte d'fhonn laghdú a dhéanamh ar an riosca airgeadra a bhaineann le sócmhainní a shealbhú thar lear. Ní mó méid na staide airgeadra réamh-mhalairte nó méid an fhálaithe ná méid na mbunsócmhainní atá á bhfálú in aon chás ar bith.

3. Breithiúnais a fheidhmítear le linn beartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm agus na príomhfhoinsí éiginnteachta meastacháin

Níl aon mheastacháin chuntasaíochta ná aon toimhdí cuntasaíochta ann a measann na hiontaobhaithe gur meastacháin agus breithiúnais chriticiúla chuntasaíochta iad.

4.Infheistíochtaí agus airgead tirim	**% den phunann**	31 Nollaig 2015 €	16 Deireadh Fómhair 2014 €
Ús seasta Éireannach	**3.4%**	1,258,632	1,358,342
Ús seasta eachtrannach	**22.2%**	8,124,078	8,529,358
Réadmhaoin Éireannach	**7.3%**	2,683,275	2,128,551
Gnáthscaireanna na Ríochta Aontaithe	**8.8%**	3,240,940	2,239,234
Gnáthscaireanna an limistéir euro agus gnáthscaireanna domhanda	**46.6%**	17,057,018	15,361,527
		32,363,943	**29,617,012**
Airgead tirim	**7.7%**	2,820,162	1,724,264
Cúlchiste comhionannaithe	**2.1%**	759,995	758,971
Cuntas díbhinne	**1.5%**	551,108	256,979
Cuntas dáilte	**0.0%**	750	
Cuntas muirear	**0.4%**	134,630	75,446
		35,184,105	**31,341,276**

De réir Chlásal 9 den Scéim, déanann iontaobhaithe na Scéime infheistíochtaí a luacháil ar na dátaí tuairiscithe ar an mbonn atá leagtha amach i nóta 2.

5. Cuntas cúlchiste comhionannaithe agus díbhinne

Léirítear sa chuntas seo na glanchistí (lena n-áirítear ús) a d'aistrigh na hiontaobhaithe ó airgead tirim chuig Cúlchiste Comhionannaithe. Bunaíodh an cúlchiste sin de réir Chlásal 10 den Scéim, agus é mar aidhm leis dáiltí ioncaim ar na carthanais rannpháirteacha a rialáil. Faoi théarmaí Chlásal 10, is muirear ar an gCiste é méid an Chúlchiste Comhionannaithe. Faoi Chlásal 12 den Scéim, cuirtear an Cúlchiste Comhionannaithe ar áireamh i luach shócmhainní iomlána an Chiste le haghaidh bunluach aonaid sa Chiste a ríomh.

An Comhchiste Infheistíochta Ráitis Airgeadais 2015

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

6. Creidiúnaithe: (Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	**31 Nollaig 2015**	16 Deireadh Fómhair 2014
	€	€
Díbhinní iníoctha	**588,530**	-
Creidiúnaithe eile	**45,971**	21,752
	634,501	21,752

Fógraítear díbhinní dhá uair in aghaidh na bliana ag an 30 Meitheamh agus ag an 31 Nollaig.

7. Ioncam infheistíochta

Cuimsíonn ioncam infheistíochta díbhinní a fhaightear agus atá infhaighte le linn na bliana de bharr urrúis chothromais.

8. Costais bhainistíochta agus riaracháin	**31 Nollaig 2015**	16 Deireadh Fómhair 2014
	€	€
Táillí bainistithe infheistíochta	**91,057**	56,425
Táillí riaracháin	**4,852**	2,313
	117,071	58,738

9. Suim arna dáileadh

Rinne iontaobhaithe na Scéime an t-ioncam a bhí ar fáil lena dháileadh a ríomh an 31 Nollaig 2014, an 30 Meitheamh 2015 agus an 31 Deireadh Fómhair 2015. Leithdháileadh an tsuim a raibh gach carthanas ina teideal ar na carthanais rannpháirteacha uile. Bhí an teidlíocht sin bunaithe ar an líon aonad a bhí i seilbh an charthanais ar gach ceann de na dátaí luachála faoi seach. Rinneadh ioncam a íoc le hiontaobhaithe an charthanais rannpháirtigh nó a athinfheistiú sa Chiste thar a cheann.

Is mar seo a leanas a bhí an dáileadh in aghaidh an aonaid:	**2015**	2014
31 Nollaig 2014	**6.65c**	0.00c
30 Meitheamh 2015	**7.94c**	8.30c
16 Deireadh Fómhair 2015	**0.00c**	0.00c
31 Nollaig 2015	**7.74c**	0.00c
	22.33c	8.30c

10. Cáin

Faoi alt 24 den Acht Airgeadais 2015, is díolmhaithe ó cháin atá ioncam ón gciste is iníoctha leis an Rialálaí Carthanas.

An Comhchiste Infheistíochta Ráitis Airgeadais 2015

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

11. Ionstraimí airgeadais	**31 Nollaig 2015 €**	**16 Deireadh Fómhair 2014 €**
Sócmhainní airgeadais	32,363,943	29,617,012
Sócmhainní airgeadais arna dtomhas de réir luach cóir	4,332,898	2,861,025
Sócmhainní airgeadais arna dtomhas de réir costas amúchta	**36,696,841**	**32,478,037**

Tá sócmhainní airgeadais arna dtomhas de réir luach cóir comhdhéanta d'infheistíochtaí liostaithe atá i seilbh an Chiste.

Tá sócmhainní airgeadais arna dtomhas de réir costas amúchta comhdhéanta díobh seo a leanas: airgead sa bhanc agus ar láimh, an cúlchiste comhionannaithe, na cuntais díbhinne, dáilte agus mhuirear, agus fiacha a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin.

12. Dliteanais theagmhasacha

Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha ar an gCiste ag deireadh na tréimhse airgeadais (2014: €NIALAS).

13. Ceangaltais chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ar an gCiste ag deireadh na tréimhse airgeadais (2014: €NIALAS).

14. Céadghlacadh FRS 102

Níl aon difríocht ábhartha ann idir FRS 102 agus na beartais a cuireadh i bhfeidhm faoin gcreat cuntasaíochta a lean an t-eintiteas roimhe seo. Ní dhearna an t-athrú aon difear do chothromas ná do bhrabús agus caillteanas.

An Rialálaí
Carthanas

Charities
Regulator

Charities Regulator
3 Georges Dock,
IFSC, Dublin 1,
D01 X5X0

Telephone: 01-633 1500
Email: info@charitiesregulator.ie